



**NSAI**

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2010

SÁRMHAI THEAS FIONTAIR A ÉASCÚ



...the ...

...the ...

...the ...

...the ...

...the ...

...the ...

...the ...

...the ...

...the ...

...the ...

...the ...

...the ...

...the ...

...the ...

...the ...

...the ...

...the ...

# CLÁR ÁBHAIR

RÁITEAS AN CHATHAOIRLIGH	2
TUARASCÁIL AN POF	4
AG CRUTHÚ INFREASTRUCHTÚR MARGAIDH OSCAILTE	6
AG CUR FEABHAIS AR FHEIDHMIÚ GHNÓ NA HÉIREANN	10
AG COTHÚ GEILLEAGAIR NUÁLÁÍOCH AGUS FAISNÉISE	12
AG TABHAIRT TACAÍOCHTAD'INBHUANAITHEACHT	14
RÁITIS AIRGEADAIS	
RÁITEAS AR FHREAGRACHTAÍ CHOMHALTAÍ AN BHOIRD	18
RÁITEAS MAIDIR LE RIALÚ INMHEÁNACH AIRGEADAIS	19
TUARASCÁIL AN ARD-REACHTAIRE CUNTAS AGUS CISTE	20
COMHALTAÍ AN BHOIRD AGUS EOLAS GINEARÁLTA	22
BEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA	23
CUNTAS IONCAIM AGUS CAITEACHAIS COMHDHLÚITE	25
RÁITEAS MAIDIR LE GNÓTHACHAIN AGUS CAILLTEANAIS AITHEANTA IOMLÁNA	26
CLÁR COMHARDAITHE COMHDHLÚITE	27
RÁITEAS COMHDHLÚITE MAIDIR LE SREABHADH AIRGID	28
NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS	29

## RÁITEAS AN CHATHAOIRLIGH

Ba bhliain dhúshlánach eile í d'Éirinn agus a raibh ár ngeilleagar ag streachailt bunús láidir a aimsiú d'fhonn a chur leis. Is feiniméan domhanda é seo, ach ina dteannta sin i gcás na hÉireann tá an tarrtháil airgeadais den BCE agus den CAI, an ghéarchéim bhaincéireachta leanúnach agus an t-éileamh intíre loicthe. Tá ár n-iomaíochas idirnáisiúnta fós ina dhúshlán suntasach, ach táimid ar an eolas faoi na deacrachtaí seo agus táimid ag aimsiú bealaí chun dul i ngleic leo. Tá dea-stádas fós ag onnmhairí le gach príomhearnáil tionscail ag taifeadadh fás i ndíolacháin onnmhairithe agus mar thoradh ar an rath sin tugtar cabhair dúinn ullmhú le haghaidh na chéad chéimeanna eile atá le teacht in Éirinn.



### FEIDHMÍOCHTA GNÓ AN NSAI

Leanann an NSAI ar aghaidh le ról ríthábhachtach a bheith aige i dtiomáint na hÉireann toadhchá níos gile agus níos láidre a chruthú. Ós rud é go bhfuil an NSAI mar an t-ionad barr feabhais neamhspleách sa tír le haghaidh forbairt chaighdeáin, deimhniúcháin agus méadreolaíocht, bhí páirt thábhachtach aige maidir le tacaíocht a thabhairt d'infreastruchtúr trádála na hÉireann agus cosaint tomhaltóirí. Leanadh lenár n-iarrachtaí rathúla in 2009 ar aghaidh le linn 2010, agus mar a dhíríomar ar go leor de na riachtanais phráinneacha de ghnólachtaí Éireannacha, chomh maith le feabhas a chur ar ár gcreat bonneagair níos fadtéarmaí chun tacú le gníomhaíochtaí eacnamaíocha Éireannacha.

Tá na torthaí dár fiontraíocht i láthair na huair le feiceáil agus a baineadh amach barrachas ioncaim mórthaibhseach.

Ba í seo an dara bliain de phlean straitéiseach trí bliana an NSAI (2009-2011), agus leanamar ar aghaidh ag obair i dtreo ár gcoispríoc d'athdhíriú seirbhísí an NSAI chun freastal ar riachtanais ghnó agus sochaí na hÉireann. Chuir an tÚdarás tús le roinnt tionscnamh nua agus ag an am céanna ag cur chun cinn na tionscnaimh sin a tugadh isteach in 2009. Tá plean cumarsáide an NSAI ag cur feidhmeanna éagsúla an NSAI faoi bhanda aontaithe amháin. Is é an cuspóir ná feasacht an phobail a mhéadú ar an NSAI mar phríomhfhoinsé de sheirbhísí d'fhiontar agus don sochaí.

Faoi dheireadh na bliana, d'éirigh go maith le roinnt tionscnamh ar fud sainchúraiman Údaráis, agus go háirithe bhíomar an -sásta le tabhairt isteach de Swift ar Rialachas Corparáideach. Cuireadh tús leis in 2009, agus d'oibrigh an tÚdarás go dlúth le hInstitiúid na Stiúrthóirí i dtreo cód cleachtas nua a sheachadadh maidir le measúnú ar rialachas corparáideach in Éirinn. Is é seo an chéad chód dá leithéid san AE agus an chéad cheann lena n-éascaítear

deimhniúcháin a thabhairt do chuideachtaí a chomhlíonann na ceanglais. Tá tionchar cheana féin ag an gcód nua seo ar fheidhmíocht eanála príobháidí agus poiblí na hÉireann ó thaobh rialachas corparáideach de, agus ba é Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI) an chéad iarratas a deimhníodh ag deireadh 2010. In éineacht leis an bhfoilseachán de dhoiciméad tábhachtach eile Swift, maidir le Bainistíocht Riosca, chuir an tÚdarás go mór le muinín a athbhunú i struchtúir agus ar fheidhmíocht rialachas na hÉireann.

Mar thoradh ar obair an NSAI i rith na bliana baineadh amach dul chun cinn maith i gcoinne ár gcuid cuspóirí, agus tá an dul chun cinn seo ag leanúint ar aghaidh.

### BORD NA STIÚRTHÓIRÍ

D'fhonn an teacht isteach is mó ar infheistíocht na gcistí poiblí a chinntiú, tá Bord na Stiúrthóirí den NSAI tiomanta do na caighdeáin is airde de rialachas corparáideach agus dó a chinntiú go mbíonn an prionsabal de

Tá an t-ionchas d'Éirinn fós dúshlánach agus atáimid ag breathnú ar aghaidh ar 2011. Beidh tuilleadh tástálacha ann do gheilleagar na hÉireann, agus a bheidh an NSAI ag tabhairt aghaidh ar a dhúshlán féin agus atáimid ag cur tús leis an gcéim dheiridh de chur i bhfeidhm an phlean straitéisigh trí bliana. Is cúis dóchais é an rath a bhí orainn le dhá bhliain anuas agus a leanaimid orainn feabhas a chur ar bhonneagar na gcaighdeán agus deimhniúchán trí mheascán de gníomhaíochtaí lena ngintear táille agus lena tugtar tacaíocht ar mhaithe leis an phobal.

luach ar airgead á seachadadh ar fud gach gníomhaíochta an Údaráis. Agus a leantar le cur i bhfeidhm na straitéise, cuirfidh foireann bainistíochta agus Bord an NSAI gach gníomhaíocht ghaolmhar i gcrích le tiomantas iomlán dár bhfreagrachtaí mar ghníomhaireacht reachtúil, ag cinntiú go bhfeidhmíonn an comhlacht um caighdeán náisiúnta d'Éirinn de réir na gcaighdeán rialachais is airde agus is féidir.

#### IONCHAS

Tá an t-ionchas d'Éirinn fós dúshlánach agus atáimid ag breathnú ar aghaidh ar 2011. Beidh tuilleadh tástálacha ann do gheilleagar na hÉireann, agus a bheidh an NSAI ag tabhairt aghaidh ar a dhúshlán féin mar atáimid ag cur tús leis an gcéim dheiridh de chur i bhfeidhm an phlean straitéisigh trí bliana. Is cúis dóchais é an rath a bhí orainn le dhá bhliain anuas agus a leanaimid orainn feabhas a chur ar bhonneagar na gcaighdeán agus deimhniúchán trí mheascán de gníomhaíochtaí lena ngintear táille agus lena tugtar tacaíocht ar mhaithe leis an phobal.


#### LE MEAS AR

Mar Chathaoirleach ar an NSAI, ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an Aire Trádála agus Tráchtála, Billy Kelleher TD, agus a chuid oifigeach ag an Roinn Fiontar, Trádála agus Nuálaíochta (DETI) as a dtacaíocht leanúnach i rith 2010.

Is mian liom freisin buíochas a ghabháil le mo chomhghleacaithe ar an mBord as a dtacaíocht agus a dtiomantas luachmhar, agus ba mhaith liom go háirithe buíochas a ghabháil leis an Uasal M. O'Leary a chuaigh ar scor i rith 2010. Cuirim fáilte ó chroí roimh cheapadh an tUasal James Collins, an tUasal Damien Wallace agus athcheapadh an tUasal Edmond J. Stack ar an mBord.

Thar ceann an NSAI, gabhaim buíochas leis na heagraíochtaí iomadúla, le bhaill choiste agus le saineolaithe tionscail as an méid suntasach a chuir siad isteach in éascú rannpháirtíochta tionscail maidir le caighdeánú agus maidir le feasacht an phobail a mhéadú ar scóip agus tábhacht na gcaighdeán.

Baineadh amach na dúshláin a bhí romhainn in 2010 le tiomantas, gairmiúlacht agus fuinneamh ó fhoireann an NSAI. D'fhreagair siad na dúshláin sin agus chinntigh siad an seachadadh leanúnach de sheirbhísí d'ardchaighdeán agus cothabháil muinín gnó i seirbhísí an NSAI. Beidh a n-iarachtaí leanúnacha rithábhachtach agus a thugaimid aghaidh ar 2011 bliain nach bhféadtar a thuar.



Ann Riordan  
Cathaoirleach

## TUARASCÁIL AN POF

Tá straitéis an NSAI um **Sármhaitheas Fiontair A Éascú** ina bhunchloch i stádas an Údaráis mar ghníomhaireacht níos solúbtha, ábhartha agus níos freagraí ag am ina bhfuil éifeachtacht bonneagar trádála na hÉireann ríthábhachtach. Cuireadh tús leis an straitéis trí bliana in 2009, agus tá an dul chun cinn láidir a rinneamar an bhliain sin déanta arís eile in 2010. Rinneamar ár n-éachtaí a chomhdhlúthú agus leanaimid orainn aghaidh a thabhairt ar na spriocanna dúshlánacha a leagamar amach dúinn féin sa straitéis.



Agus atá an tír ag dul trí thréimhse d'athrú suntasach, bhí ár dtosaíocht don bhliain fós ar éascú an fhiontair. Chuir caighdeán chuimsitheacha agus gníomhaíochtaí deimhniúcháin an NSAI go mór le fiontar na hÉireann agus a théann gnólachtaí i ngleic leis na dúshláin iomaíocha agus eacnamaíocha. Tá cosaint an tomhaltóra mar cheann dár bpríomhthosaíochtaí freisin agus rinneadh obair shuntasach i rith na bliana chun an clár oibre seo a thabhairt chun cinn.

### ATHBHREITHNIÚ & FORBHREATHNÚ NA STRAITÉISE

Is éard atá muid á stiúradh tríd na cúinsí eacnamaíocha difriúla seo ná seachadadh na gcuspóirí atá sonraithe inár bplean straitéiseach de thrí bliana. Táimid ag baint ár gcuspóirí agus ár bhfís amach trí chur chuige níos réamhghníomhaí agus níos dinimiciúla i leith saincheisteanna atá ag cur isteach ar fiontar agus ar an tomhaltóir. San áireamh go príomha anseo bhí an solúbthacht agus tiomantas dár bhfoireann ar fud gach réimse dár seirbhísí a chuirimid ar fáil. Tá buntáistí i gceist do chách leis an bhfothacú seo den bhonneagar trádála: NSAI, gnólachtaí, tomhaltóirí agus an Rialtas.

Chuir sin táimid fós dírithe ar ár ceithre phríomhsprioc ardleibhéal:

1. AG CRUTHÚ INFREASTRUCTÚR MARGAIDH OSCAILTE
2. AG CUR FEABHAIS AR FHEIDHMIÚ GHNÓ NA HÉIREANN
3. AG COThÚ GEILLEAGAIR NUÁLAÍOCH AGUS FAISNÉISE

### 4. AG TABHAIRT TACAÍOCHTAD' INBHUANAITHEACHT

Tá tuilleadh maidir leo seo sna leathanaigh atá le teacht.

#### AG CUR GEILLEAGAR NA HÉIREANN CHUN CINN

Trínár gcláir leanaimid orainn fiontraíochta in Éirinn a spreagadh agus a éascú d'fhonn na caighdeáin idirnáisiúnta is airde a bhaint amach, agus leis an móiminteam a thugamar ar aghaidh ón mbliain seo caite leanadh le fuinneamh a thabhairt dár ndul chun cinn. Trí thacaíocht agus cúnamh a chuir ar fáil tá ár gcuid seirbhísí agus saíneolas ag cur le hathchóiriú ar iomaíochas agus ar fheidhmíocht ghnó níos fearr. Tá na tréithe seo ríthábhachtach do chuideachtaí i ngach tionscail sa timpeallacht iomaíoch atá ann faoi láthair. Ceaptar na huirlisí gearrthéarmacha agus meántéarmacha a chuirimid ar fáil chun tionscal Éireannach a spreagadh, agus bonneagar trádála forbartha a sholáthar a mheallann cuideachtaí agus infheistíocht ón gcoigríoch isteach. Trí chaighdeáin a ardú leanfaimid orainn ag cothú le haghaidh todhchaí níos gile agus Éire a chruthú mar áit níos tarraingtí chun gnó a dhéanamh.

Ag croílár ár bhfreagra tá an t-aitheantas go gcaithfidh an NSAI leanúint ar aghaidh le caighdeáin agus nuálaíocht a chothú d'fhonn inbhuanaitheacht agus maireachtáil na bhfiontar agus na n-eagraíochtaí a chinntiú. Mar thoradh air sin, chur ár straitéis trí bliana athrú bunúsach i bhfeidhm chun caipitliú ar an bhforbairt trádála féideartha de rannpháirtíocht Éireannach i

bhforbairt caighdeán. Úsáidtear freisin an líonra caighdeán mar fhoinsé luachmhar faisnéise d'eolas roimh ré faoi dhréachtshonraíochtaí a bheidh mar bhonn is dócha de chaighdeáin a fhoilseofar sa todhchaí, mar aon leis an gcumas tionchar a chur ar an ábhar seo ag céim luath. Tá an cur chuige seo ag cuidiú le cuideachtaí aonair acmhainneacht a gcuid taighde, forbartha agus nuálaíochta a uasmhéadú. Le linn na thréimhse straitéise seo méadófar an tábhacht a bhaineann leis seo.

Laistigh dár gcláir deimhniúcháin ba thábhacht mhór í do go leor tionscail ar gcumas am sciobtha a sheachadadh don deimhniúchán. Tá sé seo fíor go háirithe d'earnáil na bhfeistí leighis, atá fós ina earnáil riachtanach de gheilleagair onnmhairithe na hÉireann, mar atá léirithe ag onnmhairithe MedTech a bhí os cionn € 7.2 billion le haghaidh 2010. Thug an NSAI athstruchtúrú cuimsitheach isteach ar a chuid gníomhaíochtaí feiste leighis chun comhlíonadh leis na ceanglais tionscail maidir le comharthú CE d'fhonn rochtain a fháil ar mhargaí na hEorpa. Tá na scéimeanna deimhniúcháin arna bhfeidhmiú ag an NSAI faoi athbhreithniú leanúnach agus leanadh leis seo in 2010:

- bhí éileamh leanúnach ann do dheimhniúchán um Bhainistíocht Cháilíochta agus Chomhshaoil;
- agus freastalaíodh ar riachtanais shonracha i ndáil leis an tionscail bia agus mótaí.

Trínár gcláir a bhaineann leis an earnáil tógála, tá ról lárnach ag an NSAI maidir le timpeallacht a chruthú a chabhróidh lenár n-oibleagáidí náisiúnta ar astuithe

carbóin agus ar an réimse tógála inbhuanaithe. Go príomha trínár Rannóg Agrément tá an NSAI ag tacú leis an tionscal inslithe atá ag teacht chun cinn agus le táirgí tógála nuálacha don earnáil fhuinnimh in-athnuaite intíre.

Bhí an foilseachán den chaighdeán I.S. EN 16001 - Córais Bhainistíochta Fuinnimh, in 2009 mar aitheantas tábhachtach dede bhunachar faisnéise na hÉireann sa tionscal inbhuanaitheachta tábhachtach seo. San iomlán, fuair 18 láithreán deimhniúcháin I.S. EN 16001 le linn 2010, agus mar sin is ionann líon iomlán na láithreán tionscail deimhnithe agus 36.

Mar a fhreagraíonn fiontair ar luas an athruithe atá ag méadú na, sa bhliain 2010 chonacthas méadú ar éileamh earnála do choincheap Swift an NSAI (Sonraíocht scríofa i Modh mear). D'éirigh thar bharr lenár sprioc de shonraíochtaí agus de chóid a bhróstú agus, sa bhliain 2010, d'fhoilsigh muid Swift31000: Treoir Náisiúnta ar Chur i bhFeidhm I.S. ISO 31000:2009 Bainistíocht Riosca - Prionsabail agus Treoirlínte. Chuireamar ar fáil freisin Swift 3000: Cód Cleachtais maidir le Measúnú ar Rialachas Corparáideach in Éirinn. Leis an gcumas d'fhreagair tráthúil a thabhairt cuireadh le tacaíocht bonneagair trádála na hÉireann agus le riachtanais tionscail na hÉireann. Leanfaimid orainn ar an gcúrsa seo chun tacú le gnó.

Lena gcinntítear go mbíonn muinín an tomhaltóra mar eilimint ríthábhachtach dár gcuid oibre. In amanna d'éiginnteacht eacnamaíoch tá buntáiste ann do thomhaltóirí agus do ghnólachtaí araon an muinín seo a fháil. Sa bhliain 2009, thugamar tuairisc ar an t-aistriú ó mhodh eatraimh bunaithe ar am maidir le cigireacht rialála de thomhais trádála go dtí cur chuige bunaithe ar riosca. Rinneadh tuilleadh forbartha air seo chur iniúchtaí earnála feidhme a chur i bhfeidhm in 2010. Chomh maith le méadú dár Scéim Fhíoraitheora Údaraithe, éascaíodh don NSAI díriú ar fhorfheidhmiú tomhais trádála, ar chomhlíonadh níos airde agus ar aithint de shárú reachtaíochta. De bharr na dtionscnamh seo in 2010 chonacthas roinnt ionchúisimh rathúla á dtabhairt i gcoinne trádálaithe neamh-chomhlíontacha.

#### FORBHREATHNÚ AIRGEADAIS

De bharr iarrachtaí an Rialtais maidir le déileáil le hairgead poiblí agus bearta náisiúnta eile, bhí tionchar ag rialú costais, laghdúithe costais agus

ciorroithe buiséadacha ar gheilleagar iomlán na hÉireann.

Dhéileáil an NSAI le saincheisteanna dá leithéid mar d'oibrigh sé i dtreo a spriocanna bliantúla a bhaint amach. Thugamar isteach go leor tionscnamh chun tacaíocht agus fuinneamh a thabhairt do gheilleagar na hÉireann, sna cúinsí deacra seo, agus tá áthas orm a thuairisciú gur bhaineamr amach, in ainneoin na timpeallachta gairbhe, ioncam a raibh níos mó ná an t-ioncam don bhliain 2009. In éineacht lenár mbearta um shábháil airgid cinntíodh go raibh glanbharrachas againn ag deireadh na bliana.

Bhí roinnt fhorbairtí i rith na bliana a chuir go mór le héifeachtachtaí de phróisis éagsúla laistigh den Údarás. Airítear leis seo iarratas airgeadais nua, a bhíomar chúis le feabhsúcháin sa chórais bhainistíochta airgeadais fhoriomlána, tuairisciú, buiséadú agus réamhaisnéis. Baineadh níos mó úsáide as teicneolaíocht chumarsáide, mar shampla comhdháil ghréasáin / físe, webex agus táibléid leictreonacha, a raibh níos mó éifeachtúlachtaí ann san ionad oibre agus bainistíocht ama níos fearr mar thoradh.

Lean straitéis cumarsáide agus feasachtaan Údaráis lucht éisteachta mór a mhealladh lena gcuirtear chun cinn caighdeán agus shaincheisteanna ar mhaithe le leas an phobail.

#### AN TODCHAÍ

I láthair na huairé tá sé deacair go leor an todhchaí a thuar: tá an iliomad coinníollacha dúshlánach d'fhiontair Éireannacha agus atá an timpeallacht ghnó domhanda ag éirí níos iomaíche. Ó choinníollacha eacnamaíocha go costais iompair go cur chun cinn sa teicneolaíocht, tá ar ghnólachtaí iad féin a oiriúnú go tapa don athrú. Caithfidh siad a bheith nuálaíoch, agus solúbtha agus smaoineamh nua-aimseartha a bheith acu má tá siad le bheith iomaíoch agus rathúil. Ní faightear fuinneamh den sórt sin laistigh amháin ach faightear é in eagraíochtaí eile atá cosúil leis an NSAI, a bhfuil a sá straitéiseach agus béim amach dírithe ar ghnólachtaí a éascú. Le linn 2010 rinneamar dul chun cinn suntasach inár sprioc raon seirbhísí a chuir ar fáil a chuireann luach fíor leis na hiarrachtaí d'fhiontair na hÉireann sa mhargadh domhanda. Tá sé tábhachtach béim a leagan air go bhfuil nádúr idirghníomhach ag baint leis an sá straitéiseach seo.

Chomhtháthaíonn sé ár réimsí saineolais go léir, caighdeán, deimhniúcháin agus tomhas, le tionscnaimh Rialtais, chun cabhrú le gnólachtaí bunaithe in Éirinn buntáiste iomaíoch a fháil. Is féidir le gnólachtaí a bheith cinnte go gcabhróidh an NSAI leo i ngach slí is féidir, ag baint úsáide as ár gcuid seirbhísí agus saineolas chun cabhrú leo na dúshláin atá rompu a shárú agus buntáiste a bhaint as deiseanna a thagann chun cinn.

Ag deireadh na bliana 2010, tá áthas orm a thuairisciú go bhfuil an tÚdarás fós i seasamh maith chun cabhrú le gnólachtaí agus le tomhaltóirí dul i ngleic leis na dúshláin atá romhainn i láthair na huairé. Táimid ag éascú sármaidheas agus tá tionchar dearfach againn sa bhaile agus thar lear araon. Tá dhá thrian den bhealach déanta againn maidir lenár bplean straitéiseach reatha agus, in ainneoin an tionchar atá ag an timpeallacht eacnamaíoch táimid fós dearfach faoi na timpeallachtaí ina bhfuilimid á bhfeidhmiú agus an ról atá againn laistigh díobh. Is iad na spriocanna agus ionchais atá againn ná leanúint ar aghaidh ag déanamh dul chun cinn i gcoinne ár gcuspóirí straitéiseacha.

Is nádúr comhoibrítheach atá ag an NSAI agus tá sé ríthábhachtach go dtugaimid aitheantas dár gcomhpháirtithe sa tionscal agus an Rialtas araon as a gcuid cabhrach agus tacaíochta. Gabhaim buíochais, in éineacht le Ann Riordan, Cathaoirleach an NSAI, leo as a gcuid n-iarrachtaí. Gabhaim buíochas freisin le Bord Bainistíochta an NSAI a bhí rannpháirteach i seachadadh ár gcuspóirí.

Is mian liom freisin aitheantas a thabhairt de na hiarrachtaí den scoth a rinne ár bhfoireann. Ba bliain dheacair eile í, ach thaispeáin siad solúbthacht nach bhfacthas riamh roimhe agus d'oibrigh siad go díograiseach d'fhonn muid a stiúradh amach as amanna deacra. Is é a dtiomantas an fórsa tiomána taobh thiar dár rathúlacht. Leanfaimid ar aghaidh leis na hiarrachtaí seo sa bhliain atá romhainn.



Maurice Buckley  
Príomh-Oifigeach Feidhmiúcháin

## AG CRUTHÚ INFREASTRUCHTÚR MARGAIDH OSCAILTE

Is é béim straitéiseach an Údaráis ná infreastruchtúr margaidh oscailte a bhunú a bheidh an tairbhe is mó ann do ghnó agus do thomhaltóirí na hÉireann, agus, faoi dheireadh, d'Éirinn, i gcomhthéacs Eorpach agus domhanda.





## AG GINIÚINT NA TRÁDÁLA IS FEARR AGUS NA BUNTÁISTÍ TOMHALTÓRA IS FEARR

Ós rud é go bhfuil gheilleagar oscailte ag Éirinn, beidh tionchar mór ag feidhmíocht ár n-onnmhairí ar ár dtéarnamh eacnamaíoch. Díoltar earraí agus seirbhísí Éireannacha ar fud an domhain agus mar sin aithnítear an formhór dóibh láithreach, ach gan aird ar phróifíl an bhranda is mian le tomhaltóirí a bheith cinnte go bhfuil na hearraí agus seirbhísí seo ag comhlíonadh na caighdeáin idirnáisiúnta is airde. Trí pháirt ghníomhach a bheith againn sa phróiseas de chaighdeáin idirnáisiúnta agus Eorpacha a fhorbairt, tá NSAI ag cabhrú le cuideachtaí Éireannacha chun dul i mbun, agus leas a bhaint as an bpróiseas seo. Trínár seirbhísí deimhniúcháin creidiúnaithe atá aitheanta go hidirnáisiúnta, is é ár sprioc ná fiontair na hÉireann a éascú chun athdheimhniú a thabhairt do na tomhaltóirí domhanda seo, athdheimhniú a theastaíonn uathu agus mar sin gintear na tairiscintí is fearr agus rath trádála.

Sa chaoi chéanna, trí rannpháirtíocht sa phróiseas caighdeánaithe, féadfaidh cuideachtaí buntáiste a bhaint freisin trí theagmháil a dhéanamh le himreoirí ar an leibhéal domhanda, trí rochtain a fháil ar fhaisnéis mhargaíochta luachmhar, agus trí chaighdeáin an tionscail agus na hearnála a mhúnlú le haghaidh na mblianta atá le teacht. Tá an NSAI tiomanta do rochtain ar na líonraí caighdeánaithe, meithleacha agus coistí a mhúnláíonn na caighdeáin do teicneolaíochtaí, táirgí agus seirbhísí nua agus i mbun forbartha ar fud an domhain a sholáthar do chuideachtaí dúchasacha agus ilnáisiúnta atá lonnaithe in Éirinn.

Is í aidhm ár straitéise 2009-2011 ná níos mó rannpháirtíochta Éireannacha i bhforbairt caighdeán, agus a éiríonn na caighdeáin iad féin a bheith ina sócmhainní rithábhachtach d'fhonn téarnamh eacnamaíoch na hÉireann a bhrostú. Ba sprioc eile a bhí ann ná tacaíocht a áirithiú ó ghnóilachtaí d'fhonn go bhfeadfaidh Éire cúig rúnaíocht de ghrúpaí idirnáisiúnta a bhaineann le forbairt trádála faoi 2012. Ní amháin ar tháinig méadú ar rannpháirtíocht ghníomhach ghnó de 55%, ach d'éirigh linn ról na hÉireann mar rúnaíocht de chúig choistí caighdeánaithe idirnáisiúnta a

Leis an múnla d'infreastruchtúr margaidh oscailte cuimsítear iomaíochas agus, go háirithe, comhchuibhiú an mhargaidh Eorpaigh le haghaidh earraí agus seirbhísí. Tá iomaíochas go maith do thomhaltóir na hÉireann agus fiontraíocht na hÉireann, agus bíonn buntáiste in ann dóibh freisin le comhchuibhiú.

dhaingniú le linn 2010. Mar thoradh air sin, chuireamar feabhas mór ar éifeachtacht líonra na saineolaithe Éireannacha ag cur le caighdeáin Eorpacha agus Idirnáisiúnta. Ós rud é go mbaineadh amach é seo i bhfad roimh an am a beartaíodh é is fianaise é seo de thiomantas leanúnach ó fhiontar na hÉireann do na caighdeáin idirnáisiúnta is airde. San iomlán, d'fhoilsigh an NSAI 1630 caighdeán agus díol sé 12,300 ceann thar raon leathan d'earnálacha i rith 2010.

Leis an múnla d'infreastruchtúr margaidh oscailte cuimsítear iomaíochas agus, go háirithe, comhchuibhiú an mhargaidh Eorpaigh le haghaidh earraí agus seirbhísí. Tá iomaíochas go maith do thomhaltóir na hÉireann agus fiontraíocht na hÉireann, agus bíonn buntáiste in ann dóibh freisin le comhchuibhiú. Laistigh den earnáil tógála tá feabhas á cur ar seo trí chóras sainordaithe an AE, córas de chóid dearaidh struchtúracha dá nglaoitear 'Eurocodes' orthu. Baineann sé le hinnealtóireacht thógála agus shibhialta agus ceaptar iad chun na bacainní trádála teicniúla a sháru. Ós rud é go nglacfaidh na cóid seo ionad cóid náisiúnta na hÉireann, ba é cuspóir an NSAI líon riachtanach na n-iarscríbhinní náisiúnta a chur i gcrích a bhí ag teastáil sular tarraingíodh siar na cóid náisiúnta a bhí ann cheana in Éirinn i mí Aibreáin 2010. Bhain an tÚdarás é seo amach agus, mar sin bhí sé ina ghrúpa roghnaithe de chomhlachtaí caighdeáin náisiúnta a chomhlíon an spriocdháta seo den AE. Socraíodh sprioc nua chun iarscríbhinní na hÉireann agus na paraiméadair theicniúla atá le cur san áireamh i 80 Caighdeáin an NSAI faoi 2012 a fhorbairt ; in 2010 amháin d'fhoilsíomar 62 díobh seo.

## AG FORLÍONADH RIALACHÁIN

Trína seirbhísí comhtháite, tá an NSAI suite sa chroílár chun tacú le agus forlíonadh le cur i bhfeidhm na gcaighdeán, dtreorach agus rialachán in Éirinn. Léirítear é seo inár gcuid oibre trí chabhair a thabhairt do ghníomhaireachtaí eile an Stáit trí fhorbairt de scéimeanna SwiT agus de scéimeanna deimhniúcháin do tháirgí agus seirbhísí, chun comhlíonadh leis na caighdeáin aitheanta a léiriú.

Ó 2009 ar aghaidh, tá an NSAI ag obair leis an Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre ar an chur i bhfeidhm de roinnt scéimeanna a chuireann feabhas le chéile ar ghnéithe sábháilteachta agus comhshaoil na bhfeithiclí ar an mbóthar in Éirinn agus san Eoraip. Faoi Treoir AE 2007/46/CE, a tháinig i bhfeidhm i dlí na hÉireann ar 29 Aibreán 2009, síneadh 'cineálcheadú' de chatagóirí feithicil nár cuimsíodh roimhe sin ag an gcóras Cheadú Cineála Feithicil an Chomhphobail Eorpaigh (ECwvTA). Leis an treoir ligtear d'fheithicilí a cheadú de réir cineál i gcomhar díola, clárúchán agus dó a chur isteach i tseirbhís ar fud Éireann agus sna Ballstáit go léir. Chinntigh an NSAI go bhfuil na ceanglais ábhartha Éireannacha go léir i bhfeidhm chun a dheimhniú go bhfuil an treoir á céimniú de réir a chéile thar roinnt blianta. Beidh tionchar dearfach ag cur i bhfeidhm iomlán ar gach úsáideoir bóthair agus ar shábháilteacht bhóithre na hÉireann. Faoi réir fhorálacha na gceanglas sin tá méadú tagtha ar líon na n-ionad Tástála Ceadaithe (ATCs) suas go dtí 10. Cé go ndéantar tastáil le haghaidh formheas feithicilí agus go n-eisítear tuarascálacha tástála sna hionaid seo, is é an NSAI an t-aon údarás lena ndéantar Ceaduithe feithicilí Náisiúnta in Éirinn.

## AG CRUTHÚ INFREASTRUCHTÚR MARGAIDH OSCAILTE

### MUINÍN TOMHALTÓRA A CHUR CHUN CINN I DTOMHAIS TRÁDÁLA

Tá ionchas dlisteanach ag tomhaltóirí go bhfuil na táirgí agus na seirbhísí a cheannaíonn siad ag comhlíonadh caighdeáin agus, go háirithe, i gcás ina úsáidtear tomhais trádála go bhfuil na tomhais sin cruinn. In idirbhearta laethúla braitheann an tomhaltóir ar infreastruchtúr atá dofheicthe den chuid is mó de sheiceálacha agus iarmhéideanna arna n-úsáid ag an NSAI chun cruinneas na dtomhas a úsáidtear sa trádáil a chinntiú. Úsáidtear thart ar 70,000 uirlis tomhais in idirbhearta trádála, agus ní chuirtear san áireamh san fhigiúr seo bearta a úsáidtear sa trádáil ceadúnaithe, ar a bhfuil na céadta míle. I measc samplaí d'uirlisí trádála tá tacsaimhéadair, rannóirí breosla leachtacha agus ionstraimí miondíola meá. Tá timpeall is 40,000 aonán trádála faoi réir ceanglas um chomhlíonadh ionstraim tomhais sa Stát.

Chun feabhas a chur ar mhúinín na dtomhaltóirí, agus chomh maith le hiniúchadh na n-ionstraimí atá in úsáid, lean an NSAI lena chlár de Líonra Fíoraitheora Údaraithe arna foinsíú allamuigh, lena ceadáitear d'oibreoirí tríú páirtithe fóirú ionstraim a chur i gcrích ar a shon. Cuireadh tús leis seo in 2008, agus in 2010 eisíodh 23 údarú le cuideachtaí príobháideacha go dtí seo, lena léiríodh méadú de 29% thar 2009. Is é cuspóir na scéime ná seirbhís thapa, atá éifeachtach ó thaobh costais de, a chur ar fáil i gcomhar comhlíonadh chomhréireacht a n-uirlisí tomhais leis na riachtanais dlí. Ina theannta sin éascaítear don NSAI a acmhainní a stiúradh i dtreo gníomhaíochtaí forfheidhmiúcháin cigireachta. Is é ár gcuspóir foriomlán ná fíoraitheoirí tríú páirtithe a bheith ar fáil le haghaidh 80% de na catagóirí ionstraim faoi 2011.

Tá ionchas dlisteanach ag tomhaltóirí go bhfuil na táirgí agus na seirbhísí a cheannaíonn siad ag comhlíonadh caighdeáin agus, go háirithe, i gcás ina úsáidtear tomhais trádála go bhfuil na tomhais sin cruinn. In idirbhearta laethúla braitheann an tomhaltóir ar infreastruchtúr atá dofheicthe den chuid is mó de sheiceálacha agus iarmhéideanna arna n-úsáid ag an NSAI chun cruinneas na dtomhas a úsáidtear sa trádáil a chinntiú.

Is é 2010 an dara bliain dár chur chuige bunaithe ar riosca maidir lenár n-íniúchadh rialála, tar éis feidhmiú roimhe sin de chur chuige eatramh bunaithe ar am. Leis seo éascaíodh d'acmhainní an NSAI díriú ar earnálacha trádála d'ardtosaíocht. Agus mar phointe tábhachtach, leis an gcur chuige seo aithnítear sárúithe reachtaíocht, spreagtar cultúr chomhlíonta agus cuirtear feabhas ar fheasacht. I rith na bliana, bhí roinnt ionchúiseamh rathúil de thrádálaithe neamhchomhlíontacha.

Maraon leis an mbéim breise ar ghníomhaíocht iniúchta, ar fhorbairt córas TF, lena gcomhtháthaítear sonraí ón gcigireacht agus ó fhíoraitheoirí údaraithe, cruthaíodh ardán a chabhróidh linn buntáistí iomlána na straitéise atá bunaithe ar riosca a bhaint amach faoinár spriocdháta de 2011.

I gcomhthéacs an chur chuige seo atá bunaithe ar riosca, thug cigirí NSAI cuairt ar 3,900 áitreabh, rinne siad fiosrú ar 7,000 ionstraim agus d'fhóraigh siad 10,400 ionstraim i rith 2010. Rinneadh freisin timpeall is 50,300 fóirú ionstraim, lena n-áirítear tomhais do dheochanna meisciúla, faoin gclár na bhFíoraitheoirí Údaraithe.

D'éirigh linn chomh maith muinín tionscail a chinntiú in infreastruchtúr tomhas náisiúnta trí fheidhmiú na Saotharlainne Méadrolaíochta Náisiúnta. Tá an cúram ar an áis seo comhlíonadh leis na caighdeáin náisiúnta tagartha le haghaidh 14 caighdeán tomhais, ó thomhas fuaime go tomhas maise agus tomhas teochta. Ba bhliain láidir í dúinn maidir le seirbhísí comhairle theicniúil a sheachaid don tionscal, leis an scéim chomhairleach agus an scéim iniúchta araon ag taispeáint fáis dearfaigh. Bhain an chuid is mó de na tascanna le; comhairle agus cúnamh a thabhairt do chuideachtaí ar na modhanna agus na nósanna imeachta teicniúla; meastóireachta neamhchinnteachta; sholáthar oiliúna do chuideachtaí ar mian leo creidiúnú a fháil nó a fhairsingiú faoi I.S. EN ISO / IEC 17025:2005 Ceanglais ghinearálta maidir le hinniúlacht na saotharlann tástála agus calabrúcháin.



## AG CUR FEABHAIS AR FHEIDHMIÚ GHNÓ NA HÉIREANN

Le linn na bliana, ba í príomhthosaíocht don NSAI ná feidhmiú ghnó na hÉireann a neartú. I domhan ina mbraitheann maireachtáil ar éifeachtúlacht, déantar an difríocht idir rath agus teip le cabhair do ghnó maidir le hiomaíochas a fháil.



## AG FEABHSÚ FEIDHMÍOCHTA GNÓ DE RÉIR NA GCAIGHDEÁN IDIRNÁISIÚNTA IS FEARR

Lean NSAI ar aghaidh ag leathnú a chlár d'fhonn suim a mhúscailt i gcaighdeáin. Tá sé seo dírithe ar ghnólachtaí agus fiontraihte, chomh maith le coláistí. Cuireadh tús le díospóireachtaí le roinnt coláistí chun rochtain a sholáthar ar leabharlann caighdeáin na hÉireann, d'fhonn aird a tharraingt ar an tábhacht agus buntáistí a bhaineann le caighdeáin do mhic léinn an choláiste. Trí rochtain ar an leabharlann a chur ar fáil, tá sé mar aidhm againn caighdeáin agus a n-ábharthacht do fhiontar na hÉireann a thabhairt isteach san oideachas tríúleibhéil. Leis seo, beidh buntáistí fadtéarmacha in ann dár bhfiontraihte agus ceannairí gnó den todhchaí, ós rud é go mbeidh tuiscint níos fearr agus meas acu ar chaighdeáin agus a mbuntáistí ón tús.

Inár gclár díritear ar ghnólachtaí agus fiontraihte in 2010, lena n-áirítear comhoibriú le comhlachtaí ionadaíocha, ar nós Institiúid na Stiúrthóirí (Iod), Institiúid Innealtóirí na hÉireann agus an Comhlachas Tráchtála Bhaile Átha Cliath, ar thionscadail a bhaineann le réimsí amhail forbairt SwiftTanna agus seimneáir thiomanta.

Le linn 2010, tháinig ardú suntasach ar phróifíl na Rialachas Corparáideach i gcúrsaí gnó agus sa chomhfhios pobail araon. D'fhonn feabhas a chur ar rochtain ar na cóid agus na sonraíochtaí ábhartha sin, sheol an NSAI a Pacáiste um Shármhaitheas Gnó. Leis seo, cuirtear seo le chéile sonraíochtaí agus treoirleáid maidir le Bainistíocht Riosca, Rialachas Corparáideach agus Nuálaíocht & Forbairt Táirge. Ceaptar an pacáiste seo chun cuidiú le cuideachtaí tuiscint a bheith acu ar na cleachtais is fearr, agus iad a úsáid laistigh dá n-oibríochtaí.

Tá eolaíocht na méadreolaíochta teicniúla ag méadú ó thaobh tábhachta de, de réir agus a bhíonn tionscail thionscanta, ilnáisiúnta agus ardteicneolaíochta mar sprioc ag Éirinn chun taca a chur faoinár bhfás eacnamaíoch. Lean an NSAI le raon cuimsitheach de chomhairle theicniúla agus seirbhísí iniúchta i mbeacht-tomhais a chur ar fáil don tionscal. Ós rud é gur réimse fáis é, d'fhreagair an NSAI iarratais ar

Tá eolaíocht na méadreolaíochta teicniúla ag méadú ó thaobh tábhachta de, de réir agus a bhíonn tionscail thionscanta, ilnáisiúnta agus ardteicneolaíochta mar sprioc ag Éirinn chun taca a chur faoinár bhfás eacnamaíoch. Lean an NSAI le raon cuimsitheach de chomhairle theicniúla agus seirbhísí iniúchta i mbeacht-tomhais a chur ar fáil don tionscal.

chomhairle agus cúnamh maidir leis na modhanna agus na nósanna imeachta teicniúla méadreolaíochta, éiginnteacht tomhais chomh maith le haistriú faisnéise don tseirbhís agus do thionscail ardteicneolaíochta araon.

Tá an soláthar de sheirbhísí den sórt sin rithábhachtach do chuspóir an NSAI cur le feidhmíocht ghnó na hÉireann trí chuidiú le a bhfuil riachtanais méadreolaíochta cruinn acu. Chonacthas fás láidir in 2010 agus bhí 11 comhlachta ag obair lenár scéim Comhairleach & Iniúchta sa réimse seo. Meastar go bhfuil iniúchtaí den sórt sin riachtanach chun cumas teicniúil na n-eagraíochtaí a bhailíochtú agus a thagarmharcáil.

D'fhonn a chinntiú go gcomhlíonfar ceanglais chruinnis an tionscail, ghlac an NSAI páirt i 10 Idirchomparáid Tomhais idirnáisiúnta leis na hInstitiúidí Náisiúnta Méadreolaíochta Eorpacha eile. Leis an gclár comparáide seo, cinntítear go gcoimeádaimid na leibhéil cruinnis is airde a bhaineann le caighdeáin náisiúnta agus le forbairt ár ngníomhaíochtaí calabrúcháin ard-leibhéil.

## SWIFT: AG LEATHNÚ EARNÁLACHA GNÓ SAINIÚLA

I rith 2010, lean dul chun cinn agus móréileamh na SwiftTanna ag fás. D'aithin go leor eearnálacha gnó Éireannacha an tábhacht a bhí ag baint le freagairt phras ar riachtanais ghnó agus le bunús a bhúil le haghaidh dearbhú comhsheasmhachta i dtáirgí agus seirbhísí inar cuireadh i bhfeidhm an Swift. Ba iad an dá phríomhghoiciméad Swift a foilsíodh i rith na bliana ná Bainistíocht Riosca Swift (31,000) agus Rialachas Corparáideach (Swift 3000).

Ba chloch mhíle shuntasach na bliana é tabhairt isteach Swift 3000. An cód, Swift 3000: Cód Cleachtais maidir le Measúnú ar Rialachas Corparáideach

in Éirinn. Is é seo an chéad chód dá leithéid san AE agus an chéad cheann lena éascaítear deimhniúcháin a thabhairt do chuideachtaí a chomhlíonann na ceanglais. Bhí páirt ag an NSAI, i gcomhar leis an Iod in Éirinn, agus níos mó ná 12 comhlacht ghairmiúla thábhachtacha i bhforbairt nó bhí suim acu i gcur chun cinn deachleachtas rialachais chorpáraideach in Éirinn. Ceaptar an cód chun feabhas dosheachanta a chur ar fheidhmíocht i rialachas corparáideach i gcuideachtaí na hÉireann. Tríd na forálacha Swift 3000 a leanúint, féadfaidh cuideachtaí de gach saghas a gcuid feidhmíochta um rialachas corparáideach a thagarmharcáil. Is iad na baill de Chumann na gComhlachtaí Deimhniúcháin Creidiúnaithe (AACB), a tabharfaidh deimhniú do Swift 3000 agus a choimisiúnaigh clár oiliúna le haghaidh measúnóirí neamhspleacha. Ba é Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI) an chéad iarratas do Swift 3000 a deimhniúdh le linn 2010. Cuireadh tús le tionscadal breise in 2010 le haghaidh forbairt SwiftTanna ar shulfar i gual, aláraim aonocsaíde carbóin, rachtaí adhmaid agus adhmaid struchtúrtha i bhfoirgnimh agus táthar ag siúl go bhfoilseofar iad in 2011.


## AG MÉADÚ ÉIFEACHTÚLACHTA SEACHADTA SEIRBHÍSE SA TSEIRBHÍS PHOIBLÍ

Leanann an tÚdarás ar aghaidh ag cur raon cuimsitheach de sheirbhísí ar fáil don tseirbhís phoiblí, chomh maith leis an earnáil phríobháideach. Tá tuarascáil an OECD2008: Athbhreithniú Bainistíochta Poiblí: Éire - I dTreo Seirbhíse Poiblí Comhtháite ina phríomhghoiciméad agus a spreagaimid eagraíochtaí in earnáil phoiblí na hÉireann an caighdeán ISO 9001 a ghlacadh sna blianta atá amach romhainn.



## AG COITHÚ GEILLEAGAIR NUÁLAÍOCH AGUS FAISNÉISE

Lean an NSAI ar aghaidh lena ról riachtanach ag tacú le nuálaíocht ghnó agus ag soláthar an creat do leathnú amach an chur chun cinn teicneolaíochta in Éirinn. Bímid ag obair taobh le go leor eagraíochtaí d'fhonn an sprioc seo a bhaint amach, lena n-áirítear gníomhaireachtaí forbartha fiontar, tionscail agus taighdeoirí, chomh maith leis an earnáil oideachais. Ag croílár ár n-iarrachtaí, tá forbairt leanúnach de gheilleagar na hÉireann agus cothabháil infreastruchtúr trádála lena mealltar infheistíocht isteach.



## AG ÉASCÚ AN GLACADH DE THEICNEOLAÍOCHTAÍ NUA ARNA BHFORBAIRT IN ÉIRINN

Éascaíonn an NSAI an méadú ar an ráta is atá eagraíochtaí ag úsáid teicneolaíochtaí nua arna bhforbairt in Éirinn. In earnálacha a éilíonn tomhais ardcrúinnis, cuireadh ar fáil iniúchtaí méadreolaíocht chun cuidiú le cuideachtaí próisis agus trealamh a fhorbairt chun freastal ar riachtanais chruinnis na hearnála ardteicneolaíochta, ar nós feistí leighis ionracha. Tá an tacaíocht d'fhorbairt na saotharlann calabrúcháin den earnáil príobháideach ríthábhachtach freisin d'infreachtúir teicniúil na hÉireann. Ós rud é go bhfuil sé ina phríomhphointe tagartha, soláthraíonn an NSAI clár iniúchtaí méadreolaíochta a mheastar riachtanach do chumas teicniúil na saotharlainne a bhailíochtú agus a thagarmharcáil. Ba é sprioc straitéiseach an NSAI ná 20 iniúchadh dá leithéid a dhéanamh faoi 2012: cuireadh i gcrích 18 iniúchadh méadreolaíochta go dtí seo, rinneadh 11 in 2010 amháin.

Tá an clár taighde bunaithe ar mhéadreolaíocht mar phríomhréimse fócais eile don NSAI. Tríd an gclár seo is féidir linn tabhairt isteach na dteicneolaíochtaí nua a éascú agus comhairle ábhartha agus mhionsonraithe a chur ar fáil chun tacú leis na héilimh thomhais theicniúla tionscail Éireannach atá ann cheana féin agus atá ag teacht chun cinn. Ba bhliain láidir eile é 2010, le seacht dtionscadal taighde i bhfeidhm. Ba mhór an cúnamh é don ghníomhaíocht taighde seo an comhoibriú idir an NSAI agus DIT, Sráid Chaoimhín agus DCU. Cuireadh i gcrích taighde faoi mhéadreolaíochta agus teocht maise. Agus mar thoradh ar seo bhí dá páipéir taighde, agus chuir an tionscadal deiridh sin go mór le Treoirlíne Eorpach nua san ábhar. Tá na cúig thionscadal eile atá fágtha ar bun, agus tá saotharlanna den scoth de chuid an NSAI ar fáil do na taighdeoirí. Is mór an cuidiú é comhoibriú sórt den don NSAI i bhforbairt an todhchaí agus feabhsú na gcaighdeán tomhais náisiúnta.

## AG TACÚ LE HEARNÁLACHA THEICNEOLAÍOCHTA AGUS NUÁLÁOCHTA ATÁ AG TEACHT CHUN CINN

Le fada tá Éire ina lárionad do theicneolaíochtaí agus nuálaíocht atá ag teacht chun cinn. Is réimse a bhfuil fás beomhar ag teacht ar agus is bunchloch de gheilleagar na hÉireann

é. Leanann an NSAI ar aghaidh, i gcomhar le comhlachtaí poiblí eile, ag obair go dian chun timpeallacht a chruthú lena meallfar tionscal den sórt sin. Sa timpeallacht eacnamaíoch reatha, is féidir deimhniú ón NSAI a bheith ríthábhachtach a chruthú, ag tabhairt buntáistí tábhachtacha do chuideachtaí thar a n-iomaitheoirí i dtéarmaí ama chun an margadh agus a gcreidiúnacht.

Is é sprioc an NSAI an fás seo a choimeád tríd ár ndeimhniúchán agus cumais tomhais cruinnis. Is léir go spreagann agus go soláthraíonn cur chuige dá leithéid glaninfheistíocht ard forbairt an gheilleagair.

I staidéar taispeántar go bhféadfadh tionchar na caighdeáin ar fhás OTI bliantúil a bheith sa raon ó 0.3-1 pointe céatadáin, don Ghearmáin meastar go bhfuil an tionchar seo ag 1%, san Fhrainc meastar go bhfuil an tionchar seo ag 0.8% agus i gcás na Ríochta Aontaithe ag 0.3%. D'ardaigh an móiminteam dár mbéim straitéiseach ar an earnáil seo in 2010, de réir mar a bhí tábhacht mhór ag baint lenár seirbhísí don thionscal na bhfeistí leighis in Éirinn do chuideachtaí dúchasacha agus ilnáisiúnta. Chomh maith le dealeibhéal d'iarratas ó chustaiméirí nua i rith na bliana, tháinig méadú mór ar chlú an NSAI in Éirinn agus sna Stáit Aontaithe mar chomhlacht dá dtugtar fógra dó.

Is príomhchuspóir an NSAI a bheith ina cheannasaí margaíochta maidir le cáilíocht agus am freagartha do dheimhniúchán Comhartha CE. Ar an meán tógann an próiseas um cheadú táirge le comhartha CE anois suas le ceithre nó sé seachtain, ar atá chun cinn sa tionscal, agus mar sin tá an tÚdarás in áit láidir chun oibriú le cuideachtaí ceannródaíochta i dtionscal na bhfeistí leighis. Ó 2006, tá fás de 270% tagtha ar cliant feistí leighis sa NSAI. Le linn 2010 críochnaíomar chomh maith ár ath-ainmniú ag an Bord Leigheasra na hÉireann, lenár deimhniúchán inniúlacht an NSAI do na feistí leighis go bhfuilimid údaraithe a mheas.

Cuirtear béim ar ábharthacht ár gcuid seirbhísí don tionscal seo le líon mór de chórais rialála agus caighdeáin náisiúnta agus idirnáisiúnta atá is infheidhme do chuideachtaí feistí leighis. Tá an timpeallacht rialála i gcónaí ag athrú, agus bíonn tionchar ag go leor fóram náisiúnta agus

idirnáisiúnta agus ag an cuspóir i treo comhchuibhithe domhanda uirthi. Tá an NSAI i dea-seasamh chun na cúinsí domhanda agus cúinsí AE a léirmhíniú agus chun treoir a thabhairt don tionscal seo maidir le caighdeáin, ceanglais agus rialúcháin na bhfeistí leighis atá ag teacht chun cinn, d'fhonn a chinntiú go leanann Éire uirthi ag fás mar ionad domhanda de nuálaíocht feistí leighis. Chomh maith le cuspóir na hÉireann an tionscal seo agus a ghníomhaíocht R&D a fhás, táimid ag tabhairt tacaíochta do ghníomhaíochtaí forbartha fiontair trí sheirbhís feistí leighis tiomnaithe. Le linn 2010, sholáthraíomar saineolas le seirbhísí comhairleacha atá dírithe ar tháirgí agus deimhniúcháin tapa, agus sholáthraíomar freisin oiliúint riachtanach de comhartha CE na bhfeistí leighis do chuideachtaí nuathionscanta a bhfuil ard-chumas acu in Éirinn agus do chuideachtaí ollscoile ar an gcampas araon. Leis seo, cuireadh bonn taca faoi stádas na hÉireann mar ionad domhanda de shármhaitheas maidir le deimhniúcháin feistí leighis.

Ina theannta sin, táimid ag tacú le hearnáil na dtáirgí foirgníochta deimhnithe le haghaidh raon níos leithne d'uirteáil nuálaíochta a fhorbairt, lena n-áirítear soláthar deimhniúcháin chun cuidiú le honnmhairí, chomh maith leis an deimhniúcháin caighdeánach treorach de Tháirgí Tógála. Nascann sé seo le suim an AE i dtógáil inbhuanaithe mar 'Margadh chun Tosaigh' áit ar féidir nuálaíocht a úsáid ar mhaithe leas na gcuideachtaí.

D'fhonn rannpháirtíocht níos leithne a spreagadh agus rochtain a fháil ar chaighdeáin i bhforbairt i rith 2010, thosaíomar ag forbairt bunachar sonraí um Chaighdeáin agus tairseach fiosrúcháin. Le "your Standards your Say" "Do Caighdeáin do Ghuth" ligtear do chuideachtaí agus do dhaoine aonair clárú ar láithreán gréasáin tiomanta agus foláirimh uathoibrithe a shocrú do chaighdeáin nua atá i mbun forbartha agus atá le foilsíú freisin. Is buntáiste mór é an áis seo d'fhiontair ós rud é go soláthraítear faisnéis réamh-mhargaíochta de chaighdeáin atá le teacht. Le linn an chéim chomhairliúcháin, ligean an fheidhmchlár do dhaoine gairmiúla agus baill an phobail trácht a dhéanamh ar na caighdeáin sin, rud a d'fhéadfadh tionchar mór a bheith aige ar an gcaighdeán deiridh a bheidh le foilsíú. Tá an fheidhmchlár seo le seoladh go luath in 2011.

## AG TACÚ LE HINBHUANAITHEACTH

Bíonn tionchar i gcónaí ag saincheist na hinbhuanaitheachta tionchar ar ghníomhartha tomhaltóra agus gnó, amhail nósanna ceannaigh agus ábhair a fhoinsiú agus éifeachtúlachtaí a fheabhsú. Tá an clár oibre inbhuanaitheachta mar phríomhghné de straitéis NSAI de réir mar atáimid ag díriú ar mhargadh na hÉireann ar mian leis astuithe carbóin a laghdú agus éifeachtacht fuinnimh a chuimsiú, prionsabail atá neamhdhíobhálach don chomhshaol agus cleachtais inbhuanaithe.





Aithníodh tógáil inbhuanaithe mar thionscnamh atá chun tosaigh i margaí san Eoraip. Tá an NSAI lárnach sa phróiseas de réitigh theicneolaíochta foirgnimh ghlasa a thabhairt go dtí an margadh, le dearbhú de 'oiriúnacht don fheidhm'. Tá Éire i riocht maith chun buntáiste a bhaint as forbairtí den sórt sin agus, dá bhrí sin, is féidir fiontair na hÉireann deiseanna a aimsiú le haghaidh earraí agus seirbhísí comhshaoil, agus bainistiú fuinnimh ar an leibhéal domhanda.

### AG LAGHDÚ LORG CARBÓIN I BHFOIRGNIMH

Tá an príomhchuspóir ag an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta & Rialtais Áitiúil (RCORÁ) d'astuithe carbóin ó gach áitreabh nua a laghdú go nialas faoin mbliain 2013. Is iad foirgnimh an earnáil is mó maidir le hídiú fuinnimh i dtíortha forbartha, a chuimsíonn idir 40% agus 60% d'úsáid fuinnimh. Mar sin, san áireamh i straitéis an NSAI, tá tionscnamh inbhuanaitheachta, lena tabharfar tacaíocht do chuideachtaí san earnáil tógála.

Agus a thugtar tacaíocht do bhaint amach na gcuspóirí sonraithe sa chlár náisiúnta, tá an NSAI go mór ar an eolas ar an tábhacht a bhaineann le comhghuaillíochtaí straitéiseacha agus le comhoibriú leanúnach le comhlachtaí ábhartha Stáit chun comhlíonadh a éascú le hinbhuanaitheacht agus rialacháin chomhshaoil. Leanann an NSAI ar aghaidh ag cur leis an bhfóram tógála straitéiseach (comhoibriú trasghníomhaireachta), leis an gcuspóir den tionscal tógála a ullmhú do thabhairt isteach na titíochta carbóin de nialas faoin mbliain 2013.

Tá an Coiste Comhairliúcháin um Chaighdeán Fuinnimh (comhdhéanta d'ionadaithe ón SEAI, ranna rialtais agus saineolaithe tionscail) ag forbairt caighdeán den scoth i réimse na bainistíochta fuinnimh, atá ag cabhrú le seasamh na hÉireann i ról ceannaireachta domhanda le haghaidh an tionscail bainistíochta fuinnimh atá ag fás.

Le linn 2010, rinneadh tuilleadh forbartha ar thionscnaimh inbhuanaitheachta an Údaráis, ag díriú ar an tionscal timpeallacht thógtha agus, go sonrach, an tionscal inslithe atá ag teacht chun cinn, sna réimsí seo a leanas:

**Tá an príomhchuspóir ag an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta & Rialtais Áitiúil (RCORÁ) d'astuithe carbóin ó gach áitreabh nua a laghdú go nialas faoin mbliain 2013. Is iad foirgnimh an earnáil is mó maidir le hídiú fuinnimh i dtíortha forbartha, a chuimsíonn idir 40% agus 60% d'úsáid fuinnimh. Mar sin, san áireamh i straitéis an NSAI, tá tionscnamh inbhuanaitheachta chun tacú le cuideachtaí san earnáil tógála.**

- Chuir an NSAI a aidhm chun cinn maidir le scéimeanna nua suiteáláí d'inliú seachtrach a fhorbairt, agus sa tslí sin ag méadú muinín na dtomhaltóirí in uasghrádú um laghdú carbóin. Cuirtear clárú ar fáil do shuiteálaithe d'inliú lochta séidte, d'inliú cuasbhalla iomlán agus d'inliú seachtrach. Tháinig méadú suntasach ar an scéim le 174 iarratas le cur ar an gclár in 2010.
- D'Mhéadaigh an scéim deimhniúchán WEP (Feidhmíocht Fuinnimh Fuinneoige) neamhspleách, chuir 16 chomhlachta iarratas isteach in 2010. Táthar ag súil go dtiocfaidh fás tapa ar an scéim seo sna blianta amach romhainn de bharr athruithe sna rialacháin tógála.

### AG CABHRÚ LE TIONSCAL ÉIREANNACH ÚSÁID FUINNIMH AGUS ÁBHAIR A BHAINISTIÚ

Foilsíodh in 2009, tá an I.S. GA 16,001 an caighdeán Eorpach do Chórais Bainistíochta ar Fhuinneamh, bunaithe ar chaighdeán na hÉireann I.S. 393:2008, arna fhorbairt ag an NSAI agus an SEAI chun tacú le hinbhuanaitheacht tríd fhuinneamh agus ábhar fuinnimh a bhainistiú agus a laghdú. Is éacht mór don NSAI agus d'Éirinn é glacadh an I.S.EN 16001 ar fud na hEorpa. Ní hamháin a chuirtear bainistíocht fuinnimh chun cinn, a bhfuil ina saincheist domhanda, léiríonn sé conas is féidir le hÉirinn a bheith ina ceannaire caighdeán nua den scoth a fhorbairt.

Ba bhuaicphointe eile do stádas ceannasaíochta na hÉireann leis an nuashonrú le déanaí as an bhfóram Earnála CEN / CENELEC ar Bainistíocht Fuinnimh, ina bhfuil an phróifíl d'Éirinn ann mar thír tosaigh i ndeimhniúcháin de réir chaighdeán na hEorpa le haghaidh bainistiú fuinnimh. San áireamh ar an liosta de na cuideachtaí deimhniúcháin tá roinnt dár gcuideachtaí dúchasacha

ceannródaíochta mar aon le go leor eagraíochtaí domhanda.

In 2009, bhí na cuideachtaí atá bunaithe in Éirinn an chéad cuideachta don chaighdeán nua a chur i bhfeidhm san Eoraip. In 2010, cuireadh 18 cuideachta breise ar an liosta, atá ag méadú de réir a chéile, de na cuideachtaí dúchasacha agus de chuideachtaí atá bunaithe in Éirinn, lena n-áirítear eagraíochtaí ilnáisiúnta ar nós Diageo agus Heinz.

Tá an ISO 50001 Caighdeán um Bhainistíocht Fuinnimh á fhorbairt mar an caighdeán idirnáisiúnta don todhchaí le haghaidh bainistiú fuinnimh. Tá an earnáil ag athrú go tapa agus is é aidhm an chaighdeáin cur chuige córasach a bhunú le haghaidh feabhas leanúnach a chur ar fheidhmíocht fuinnimh, ní hamháin ar fud na hEorpa, ach ar fud na cruinne. Leis seo bunófar creat do ghléasraí tionsclaíochta, áiseanna tráchtála nó eagraíochtaí iomlána d'fhonn fhuinneamh a bhainistiú. Meastar go bhféadfadh tionchar de 60% a bheith ar úsáid fuinnimh an domhain ag an ISO 50001.

Leanadh ar aghaidh le rannpháirtíocht na hÉireann i bhforbairt chaighdeán trí ballraíocht de ISO TC 242 Bainistíocht Fuinnimh (an coiste idirnáisiúnta freagrach as an ISO 50001 a fhorbairt). Tá toscaireacht na hÉireann, trína rannpháirtíocht i ngach céim den phróiseas forbartha, tar éis a taithí agus a tionchar dearfach ar an gcaighdeán seo ag teacht chun cinn a thaispeáint.

Meastar go bhfoilseofaí é i lár na bliana 2011, agus, mar gheall ar an tábhacht domhanda a chuirtear ar bhainistíocht fuinnimh, táthar ag súil go mbeidh an caighdeán seo chomh suntasach sna deich mbliana atá romhainn agus a bhí an ISO 9000 chórais bainistíochta cáilíochta sna nóchaidí.

## RÁITIS AIRGEADAIS

RÁITEAS AR FHREAGRACHTAÍ CHOMHALTAÍ AN BHOIRD	18
RÁITEAS MAIDIR LE RIALÚ INMHEÁNACH AIRGEADAIS	19
TUARASCÁIL AN ARD-REACHTAIRE CUNTAS AGUS CISTE	20
COMHALTAÍ AN BHOIRD AGUS EOLAS GINEARÁLTA	22
BEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA	23
CUNTAS IONCAIM AGUS CAITEACHAIS COMHDHLÚITE	25
RÁITEAS MAIDIR LE GNÓTHACHAIN AGUS CAILLTEANAIS AITHEANTA IOMLÁNA	26
CLÁR COMHARDAITHE COMHDHLÚITE	27
RÁITEAS COMHDHLÚITE MAIDIR LE SREABHADH AIRGID	28
NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS	29





## RÁITEAS AR FHREAGRACHTAÍ CHOMHALTAÍ AN BHOIRD


### Le haghaidh Ráitis Airgeadais Bhliantúla 2010

Le mír 8(2) den Chéad Sceideal don Acht fán Údarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann, 1996 ar an Údarás gach cuntas ceart faighte agus caite aige, in a leithéid d'fhoirm a bheadh faofa ag an Aire Post, Fiontar agus Nuálaíochta le comhthoil an Aire Airgeadais, a choimeád, agus go háirithe, coimeádfaidh sé ina leithéid d'fhoirm mar a sonraíodh cheana féin, gach cuntas speisialta a stiúrfadh an Post, Fiontar agus Nuálaíochta ó am go ham. In ullmhú na gcuntas seo, ceanglaítear ar an Údarás:

- beartais chuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach;
- breithiúnais agus meastacháin atá réasúnta agus stuama a dhéanamh;
- aon difríocht ábhair ó chaighdeáin bhainteacha cuntasaíochta a nochtadh nó a mhíniú;
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthais reatha mura bhfuil sé míchuí glacadh leis go leanfaidh an tÚdarás air ag feidhmiú.

Tá an Bord freagrach as leabhair chearta chuntais a choinneáil, a nochtann go réasúnta cruinn ag am ar bith a staid airgeadais, agus a chumasaíonn dó a chinntiú go gcomhlíonann na Ráitis Airgeadais le halt 8 de Chéad Sceideal den Acht fán Údarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann, 1996. Tá an Bord freagrach chomh maith as a sócmhainní a chosaint agus as céimeanna réasúnta a thógáil chun calaois agus neamhrialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

Thar ceann an Bhoird:



**Ann Riordan**  
Cathaoirleach

**David Gargan**  
Comhalta an Bhoird

## RÁITEAS MAIDIR LE RIALÚ INMHEÁNACH AIRGEADAIS

Thar ceann Bhord an NSAI, admhaím ár bhfreagracht as cinntiú go gothaítear agus go gcuirtear i bhfeidhm córas éifeachtach um rialúchán inmheánach airgeadais san Údarás.

Ní féidir leis an gcóras ach deimhniú réasúnta agus ní deimhniú iomlán a sholáthar go bhfuil sócmhainní faoi chosain, go bhfuil idirbhearta údaraithe agus taifeadta i gceart, agus go bhfuil cosc ar agus go mbraitear in am tráthúil earráidí nó mírialtachtaí ábhartha.

Tá céimeanna tógtha ag an mBord chun a chinntiú go bhfuil timpeallacht rialaithe cuí i bhfeidhm trí:

- Nósanna imeachta foirmiúla a bhunú chun monatóireacht a dhéanamh agus chun cosaint a thabhairt do ghníomhaíochtaí agus sócmhainní na heagraíochta;
- Freagrachtaí agus cumhachtaí bainistíochta a shainiú go soiléir;
- Cultúr freagrachta a fhorbairt ar gach leibhéal den eagraíocht.

Tá próisis bunaithe ag an mBord d'fhonn rioscaí gnó a aithint agus a luacháil trí:

- Próiseas bainistíocht ar riosca foirmiúil a fheidhmiú. Sa phróiseas seo meastar na príomhrioscaí atá os comhair an Údaráis maidir lena fheidhm a chomhlíonadh agus a chuspóirí foriomlána a bhaint amach.
- Tá Bainistíocht Fheidhmeannach freagrach chomh maith as sainiú agus measúnú ar rioscaí suntasacha agus do dheardh agus cur i bhfeidhm de rialuithe inmheánacha cuí.
- Tugann Bainistíocht Fheidhmeannach tuarascáil don Bhord ar athruithe suntasacha in oibríochtaí an Údaráis agus a rioscaí gaolmhara.

Tá an córas rialaithe airgeadais inmheánaigh bunaithe ar chreatlach eolais bhainistíochta rialta, nósanna imeachta riaracháin lena n-áirítear leithscaradh na ndualgas, agus córas tarmligin agus freagrachta. San áireamh go háirithe tá:

- Teorainneacha údaraithe sainithe go soiléir, deighilt dualgais agus na rialuithe ar fáil óna gcórais airgeadais. Tá an córas seo maoirsithe ag an gCoiste Iniúchta, a théann i dteagmháil le gníomhaireachtaí seachtracha cuí chun an córas seo a scrúdú agus a thástáil.
- Oibriú córais bhuiséadaigh rialaithe ar a dhéantar comparáid ina choinne le fíor-fheidhmiúchán i rith na bliana. Tugtar tuarascáil de thorthaí airgeadais don Bhord le héagsúlacht i gcoinne buiséid cheistithe.
- Tá gá le faomhadh an Bhoird do gach údarás íocaíochta tábhachtach agus sainorduithe baincéireachta.
- Tugann an Coiste Iniúchta, fo-choiste den Bhord, faomhadh do phleananna iniúchta inmheánacha agus déileálann sé le saincheisteanna rialaithe suntasacha a d'ardaigh na hiniúcháirí inmheánacha nó seachtracha. Deimhníonn an Coiste go bhfuil an obair atá déanta ag an bhfeidhm iniúchta inmheánach dírithe ar réimsí den riosca nó nochtadh is mó.

Tá feidhm iniúchta inmheánach foinsithe allamuigh, a ghníomhaíonn i gcomhréir leis an gCód Creatlaí de Dhea-Chleachtas arna leagan amach sa Chód Cleachtais do Rialachas na gComhlachtaí Stáit, agus a thugann tuarascáil dhíreach don Choiste Iniúchta. Tá obair an iniúchta inmheánaigh ar an eolas trí ainlís maidir le rioscaí faoina nochtar an comhlachas, agus tá pleananna inmheánacha iniúchta bunaithe ar an ainlís seo. Tá an ainlís ar rioscaí agus na pleananna iniúchta inmheánacha formhuinthe an gCoiste Iniúchta. Tionólaíonn an Coiste Iniúchta le chéile ar bhonn rialta i rith na bliana chun athbhreithniú agus deimhniú a dhéanamh ar leorgacht agus éifeachtacht an chórais um Rialú Airgeadais Inmheánach.

Cuirtear an Bord ar an eolas maidir le monatóireacht agus éifeachtúlacht an chórais rialaithe airgeadais inmheánaigh ag an Iniúcháir Inmheánach, an Coiste Iniúchta a mhaoirsíonn obair an Iniúcháir Inmheánaigh agus na bainisteoirí feidhmiúcháin laistigh den NSAI a bhfuil freagracht acu d'fhorbairt agus do chothabháil na creatlaí rialaithe airgeadais.

Deimhním, i leith na bliana dar chríoch 31 Nollaig 2010, go bhfuil athbhreithniú déanta ag an mBord ar éifeachtacht an chórais um rialúchán inmheánach airgeadais.



**Ann Riordan**  
Cathaoirleach

# TUARASCÁIL AN ARD-REACHTAIRE CUNTAS AGUS CISTE

## Údarás um Chaighdeán Náisiúnta na hÉireann

Tá iniúchadh déanta agam ar na ráitis airgeadais de chuid an Údaráis um Chaighdeán Náisiúnta na hÉireann don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2010 faoin Acht Caidrimh Thionscail 1996. San áireamh sna ráitis airgeadais, a ullmhaíodh faoi na beartais chuntasaíochta arna leagan amach sna ráitis, comhdhéanta de na Beartais Chuntasaíochta, an Cuntas Ioncaim agus Caiteachais Comhdhlúite, an Ráiteas Comhdhlúite Gnóthachan agus Cailteanas Aitheanta Iomlán, an Clár Comhardaithe Comhdhlúite, an Ráiteas Comhdhlúite faoi Shreabhadh Airgid agus na nótaí gaolmhara. Tá an creat tuairiscithe airgeadais a cuireadh i bhfeidhm ina n-ullmhú an dlí is infheidhme agus Cleachtais Chuntasaíochta a nGlactar Leo go Coitianta in Éirinn.

## Freagrachtaí Chomhaltaí an Údaráis

Tá an tÚdarás freagrach as ullmhú na ráiteas airgeadais, chun a chinntiú go dtugann siad léargas fíor agus cothrom ar staid ghnóthaí an Údaráis agus ar a ioncam agus a chaiteachas, agus as rialtacht na n-idirbheart.

## Freagrachtaí an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

Is é m'fhreagrachta ná na ráitis airgeadais a iniúchadh agus tuairisc a thabhairt orthu i gcomhréir leis an dlí is infheidhme.

Déantar m'iniúchadh déanta trí thagairt a dhéanamh do na nithe ar leith a ghabhann le comhlachtaí Stáit i ndáil lena mbainistíocht agus oibriúcháin.

Cuirtear m'iniúchadh i gcrích i gcomhréir leis na Caighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúcháireacht (Ríocht Aontaithe agus Éire) agus i gcomhréir leis an gCleachtas Iniúcháireachta an Bhoird um Chaighdeán Eiticíúil d'Iniúcháirí.

## Raon an Iniúchadh ar na Ráitis Airgeadais

I gceist mar chuid den iniúchadh, ní mór fianaise a fháil faoi na méideanna agus an nochtadh sna ráitis airgeadais, i ndóthain fianaise chun dearbhú réasúnach a thabhairt go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé de bharr calaíochta nó earráide. Áirítear leis seo measúnú ar

- cibé an bhfuil na beartais chuntasaíochta oiriúnach do chúinsí an Údaráis, agus ar cuireadh i bhfeidhm go comhsheasmhach agus ar nochtáíodh go fónta iad
- ar réasúntacht meastacháin cuntasaíochta suntasacha a rinneadh in ullmhú na ráitis airgeadais, agus
- cur i láthair foriomlán na ráitis airgeadais.

Déanaim iarracht chomh maith fianaise a fháil mar gheall ar rialtacht na n-idirbheart airgeadais le linn an iniúchta.

Ina theannta sin, léigh mé an t-eolas airgeadais agus neamh-airgeadais go léir atá sa tuarascáil bhliantúil d'fhonn neamhréireacht ábhartha leis na ráitis airgeadais iniúchta a aithint. Má thagaim ar an eolas faoi aon mhírítis dhealraitheacha nó aon neamhréireachtaí ábhartha, breithním na himpleachtaí do mo thuarascáil.

## Maoiniú Pinsin Iarchurtha

Gan mo thuairim a cháiliú, tarraingim aird ar nóta 11(c) de na ráitis airgeadais. Aithníonn an tÚdarás sócmhainn i leith deonaithe pinsin iarchurtha – luach reatha an mhaoinithe a cheapann sé a mbeidh soláthraithe sa todhcháil ag an Stát chun dliteanais phinsin a shroicheadh de réir mar ambíonn siad iníoctha. Sa chóireáil chuntasaíochta seo tá toimhdiú ann go mbeidh aon ioncam ginte ag an Údarás sa chéad dul síos curtha i bhfeidhm i dtreo costas reatha agus go mbeidh maoiniú ón Stát freagrach as aon easnamh reatha nó sa todhcháil i sócmhainní lena n-áirítear dliteanaisphinsin sa todhcháil.

## Tuairim maidir leis na Ráitis Airgeadais

Is é mo thuairim go dtugann na ráitis airgeadais, a ullmhaíodh i gceart de réir Cleachtais Chuntasaíochta a nGlactar Leo go Coitianta in Éirinn, léargas fíor agus cothrom ar staid ghnóthaí an Údaráis ag 31 Nollaig 2010 agus ar a ioncam agus ar a caiteachas don bhliain dar críoch sin.

Is é mo thuairim gur choinnigh An tÚdarás leabhair chuntais chuí. Tá na ráitis airgeadais ag teacht leis na leabhair chuntais.

# TUARASCÁIL AN ARD-REACHTAIRE CUNTAS AGUS CISTE


ar lean

## Nithe a ndéanaim Tuairisc mar Eisceacht orthu

Tugaim tuairisc mar eisceacht

- mura bhfuair mé an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a theastaigh uaim do mo iniúchadh, nó
- má bhí nóta déanta agam d'aon chás ábhartha ann nár feidhmíodh suimeanna airgid chun na gcríoch a bhí beartaithe nó sa chás nár chomhlíon na hidirbhearta na húdaráis a rialaíonn iad, nó
- mura bhfuil an fhaisnéis a thugtar i dTuarascáil Bhliantúil an Údaráis don bhliain, a bhfuil na ráitis airgeadais ullmhaithe le haghaidh, ag teacht leis na ráitis airgeadais, nó
- mura léiríonn an Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais comhlíonadh an Choimisiúin leis an gCód Cleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit, nó
- má aimsím go bhfuil nithe ábhartha eile a bhaineann leis an tslí ina bhfuil gnó poiblí á dhéanamh.

Níl aon ní agam le tuairisc maidir leis na nithe sin um tuairisciú mar eisceacht.



**John Buckley**

Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste  
30 Meitheamh 2011

# COMHALTAÍ AN BHOIRD AGUS EOLAS GINEARÁLTA

## BORD AN NSAI

Cuimsíonn Bailiú Bhoird NSAI, atá ceaptha ag an Aire Post, Fiontar agus Nuálaíochta na daoine seo a leanas:

### Comhaltaí an Bhoird

Ms. A. Riordan - Cathaoirleach - Athcheaptha 20 Aibreán 2010

An tUasal M. Buckley - Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

An tUasal J. Collins - Ceaptha 24 Meitheamh 2010

Ms. H. Curley

An tUasal D. Gargan

An tUasal R. Hadfield

Ms. J. Murnane O'Connor

Ms. M. O'Leary - Ar scor 14 Aibreán 2010

An tUasal D. O'Loughlin

An tUasal K. Ryan

An tUasal E. Stack - Athcheaptha 20 Aibreán 2010

An tUasal E. Wade

An tUasal D. Wallace - Ceaptha 20 Aibreán 2010

Ms. M.I. Walsh

An tUasal P. Bracken - Rúnaí an Bhoird

## EOLAS GINEARÁLTA

### Ceannoifig

1 Cearnóg Swift, An Choill Thuaidh, Seantrabh, Baile Átha Cliath 9

### Iníúcháirí

Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

### Baincéirí

Allied Irish Banks

### Aturnaetha

McCann Fitzgerald



## BEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA

### AN tACHT FÁN ÚDARÁS UM CHAIGHDEÁIN NÁISIÚNTA NA hÉIREANN, 1996

Bunaíodh an tÚdarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann (NSAI) ar 14 Aibreán 1997 faoi Alt 6 den Acht fán Údarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann, 1996. Ar an lá bunaithe bhí an réadmhaoín go léir, a bhí i seilbh NSAI mar Choiste d'Fhorfás díreach roimh an lá sin, dílsithe san Údarás.

Leis na forálacha trasdultacha arna leagan amach i gCuid III den Acht um Fhorbairt Tionsclaíoch (Fiontar Éireann), 1998 foráiltear d'aistriú go dtí an tÚdarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann an réadmhaoín, na cearta agus na dliteanais go léir den Seirbhís Mhéadreolaíochta Dlíthiúil arna cur ar siúl ag Forbairtdíreach roimh an lá sin.

### Is é seo a leanas an bunús de bheartais chuntasaíochta shuntasacha:-

#### (a) BUNÚS NA CUNTASAÍOCHTA

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais faoin gcoinbhinsiún costais stairiúil i bhfoirm atá faofa ag an Aire Post, Fiontar agus Nuálaíochta le comhchumaracht ón Aire Airgeadais faoi Acht fán Údarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann, 1996.

Ullmhaítear na ráitis airgeadais ar bhonn fabhrúithe, ach sna cásanna thíosluaite agus agus de réir an Chleachtais Chuntasaíochta a nGlactar Leis go Coitianta. Leantar na Caighdeáin Tuairiscithe Airgeadais arna mholadh ag na comhlachtaí cuntasaíochta aitheanta, de réir mar a bhíonn siad is infheidhme.

Sna na ráitis airgeadais chomhdhlúite cuimsítear ráitis airgeadais an Údaráis agus agus dá fhochomhlacht NSAI Inc. Níl difear idir beartais chuntasaíochta an fhochomhlachta agus beartais an Údaráis.

#### (b) IONCAM

Tá cuntas ar gach ioncam, seachas ar an deontas oireachtas, don tréimhse ina raibh sé tabhaithe. Déileáiltear le táillí a íoctar roimh ré mar ioncam iarchurtha agus tuairiscítear iad mar dhliteanas reatha. Scaoiltear an t-ioncam chuig an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais ar sheachadadh na seirbhíse.

#### (c) DEONTAS OIREACHTAIS

Déantar cuntas air seo ar bhonn airgid thirim seachas nuair a fhaightear deontas sa bhliain i leith scaoileadh dliteanas sa bhliain dar gcionn, iarchuirtear an deontas.

#### (d) AISTRÍÚ D'AIRGEADRA ÓN gCOIGRÍOCH

##### Idirbhearta d'Airgeadra ón gCoigríoch

Maidir le sócmhainní airgeadaíochta agus dliteanais ainmnithe in airgeadraí iasachta, déantar iad a aistriú ar na rátaí malairte ag dáta an Chláir Chomhardaithe. Aistrítear ioncaim agus costais ag na rátaí malairte ar dhátaí na na mbun-idirbheart. Déileáiltear le brabúis agus cailleanais ó idirbhearta d'airgeadra coigríche nuair a shocraítear na méideanna infhála agus iníochta in airgeadra coigríche sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais.

##### Oibríochtaí Coigríche

Nuair a aistrítear torthaí na hoibríochta coigríche le cur san áireamh sna ráitis airgeadais, déantar sócmhainní agus dliteanais a aistriú ag an ráta malairte i bhfeidhm ar dháta an Chláir Chomhardaithe. Aithnítear i gcúlchistí an difríocht aistriithe ó athráiteas oibríochtaí coigríche san airgeadra feidhmiúil euro de bharr athruithe i rátaí malairte (An Cuntas Ioncaim agus Caiteachais faoin teideal 'coigeartú aistriithe' maidir le hearraí airgeadra agus an Cuntas Caipitiúil maidir le sócmhainní seasta maidir le difríochtaí aistriithe.) Aistrítear ioncaim agus costais ag rátaí malairte de mheán-tréimhse míosúil. Aithnítear i gcúlchistí oibríochta coigríche chomh maith le haon difríocht aistriithe atá mar thoradh air i gcomparáid le ráta an Chláir Chomhardaithe.

#### (e) SÓCMHAINNÍ SEASTA

Cuimsíonn Sócmhainní Seasta sócmhainní seasta inláimhsite atá faoi úinéireacht NSAI agus atá dearbhaithe ag a gcostas lúide dímheas tiomsaithe. Ríomhtar dímheas chun go díscóbhtar an costas de shócmhainní seasta thar a saolta úsáideacha measta mar seo a leanas:

Trealamh, Daingneáin & Feistis	5 bliana
Ríomhairí	3 bliana
Talamh agus Foirgnimh	50 bliana
Mótarfheithiclí	5 bliana

## BEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA ar lean

### (f) CUNTAS CAIPITIL

Seasann an Cuntas Caipitil do ioncam an deontais a úsáidtear i gcomhair ghnóthú Shócmhainní Seasta agus tá sé scríofa síos i gcomhréir leis na beartais dímheasa agus athluachála do na sócmhainní gaolmhara.

### (g) FÉICIÚNAITHE

Tá féiciúnaithe luaite glan de sholáthar i gcomhair neamh-ghabháil fiach dona agus amhrasach. Déantar foráil i gcoinne neamh-ghabhála d'fhéiciúnaithe i gcoinne féiciúnaithe amhrasacha ar leith le foráil sa bhreis i gcoinne fiach trádáil eile nuair is cuí.

### (h) LÉASANNA

Déileáiltear le cíosanna dlite faoi léasanna oibríochtúla sna ráitis airgeadais de réir mar bhíonn siad dlite.

### (i) AOISLIÚNTAIS

Sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais, Ráiteas ar Ghnóthachain agus Cailteanais Aitheanta agus sa Chlár Comhardaithe aithnítear idirbhearta pinsin, gluaiseachtaí agus iarmhéideanna i gcomhréir le riachtanais an Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais 17, Tairbhí Scoir.

### Scéim Forfás

Leanann an fhoireann atá ag obair in NSAI, a raibh ina baill bhuana d'fhoireann Forfás díreach roimh an lá bunaithe, le bheith ina baill den fhoireann luaite sin faoi Alt 38(1)(a) d'Acht fán Údarás um Chaighdeán Náisiúnta na hÉireann, 1996. Dá réir sin, faoi Mhír 3 den Dara Sceideal den Acht um Fhorbairt Tionscail, 1993, tá Forfás freagrach as teidlíochtaí pinsin fostaí na foirne seo.

### Scéim NSAI

I bhfeidhm ag an NSAI tá scéim phinsin sochair sainithe atá maoinithe go bliantúil ar bhonn íoc de réir mar a théann tú' ó airgid atá ar fáil dó, lena n-áirítear airgid arna soláthar ag an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta agus ó ranníocaíochtaí bainte as tuarastail na foirne.

Déantar dliteanais na Scéime Pinsin a thomhas ar bhonn achtúireach ag úsáid modh an aonaid réamh-mheasta. Léiríonn na costais phinsin na sochair phinsin a thuilleann fostuithe sa tréimhse agus léirítear iad glan ó ranníocaíochtaí pinsin foirne a choinníonn an NSAI. Aithnítear méid atá cothrom leis an táille pinsean mar ioncam sa mhéid is go bhfuil sé in-aisghabhála, agus seach-churtha ag deontais a fuarthas sa bhliain d'fhonn íocaíochtaí pinsean a scaoileadh.

Aithnítear gnóthachain nó cailteanais achtúireacha ag éirí as athruithe i bhfoshuíomhanna achtúireacha agus ó bharrachais agus easnaimh, sa Ráiteas ar Ghnóthachain agus Cailteanais Aitheanta don bhliain ina dtarlaíonn siad agus aithnítear coigeartú comhfhreagrach sa mhéid inghnóthaithe ón Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta.

Seasann dliteanais pinsean do luach reatha na n-íocaíochtaí pinsean sa todhchaí arna dtuilleamh ag an bhfoireann go dtí seo. Seasann maoiniú iarchurtha na bpinsin don sócmhainn chomhfhreagrach atá le bheith aisghafa sa todhchaí ón Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta.

# CUNTAS IONCAIM AGUS CAITEACHAIS COMHDHLÚITE


Don Bhliain dar Chríoch 31 Nollaig 2010

	Nótaí	2010 €	2009 €
<b>Ioncam</b>	1	<b>18,609,888</b>	17,499,425
<b>Caiteachas</b>			
Riarachán agus Speansais Ghinearálta	2	<b>25,311,425</b>	25,808,204
<b>Easnamh roimh Dheontas Oireachtais</b>		<b>(6,701,537)</b>	(8,308,779)
<b>Deontais Oireachtais</b>	3	<b>7,337,861</b>	8,339,148
<b>Barrachas don bhliain</b>		<b>636,324</b>	30,369
Aistriú ón gCuntas Caipitil Coigeartú Aistrithe	4	<b>199,364</b> <b>85,862</b>	297,717 (52,787)
<b>Barrachas don bhliain</b>		<b>921,550</b>	275,299
<b>larmhéid amhail an 1 Eanáir</b>		<b>2,324,977</b>	2,049,678
<b>larmhéid amhail an 31 Nollaig</b>		<b>3,246,527</b>	2,324,977

Baineann na méideanna a thaispeántar faoi Ioncam agus Caiteachas le gníomhaíochtaí leanúnacha.

Déanann na Beartais Chuntasaíochta agus an Ráiteas maidir le Shreabhadh Airgid agus Nótaí 1 go dtí 15 cuid de na Ráitis Airgeadais seo.

Thar ceann an Bhoird:



**Ann Riordan**  
Cathaoirleach



**David Gargan**  
Comhalta an Bhoird


# RÁITEAS MAIDIR LE GNÓTHACHAIN AGUS CAILLTEANAIS AITHEANTA IOMLÁNA

Amhail an 31 Nollaig 2010

	Nótaí	2010 €	2009 €
Barrachas don bhliain		921,550	275,299
Gnóthachain ó thaithí ar dhliteanais scéime pinsin	11 (d)	3,450,000	1,900,000
Athruithe i mboinn tuisceana faoi luach reatha na ndliteanas scéime pinsin	11	-	(3,429,000)
<b>Gnóthachain Achtúireacha / (Cailteanais) ar Dhliteanais Phinsin</b>		<b>3,450,000</b>	<b>(1,529,000)</b>
<b>Coigeartú ar Mhaoiniú Pinsin larchurtha</b>	11	<b>(3,450,000)</b>	1,529,000
<b>Gnóthachain Aitheanta Iomlána don bhliain</b>		<b>921,550</b>	<b>275,299</b>

Déanann na Polasaithe Cuntasaíochta agus an Ráiteas maidir le Shreabhadh Airgid agus Nótaí 1 go dtí 15 cuid de na Ráitis Airgeadais seo.

Thar ceann an Bhoird:



**Ann Riordan**  
Cathaoirleach



**David Gargan**  
Comhalta an Bhoird

# CLÁR COMHARDAITHE COMHDHLÚITE

Amhail an 31 Nollaig 2010

	Nótaí	2010 €	2009 €
<b>Sócmhainní Seasta</b>			
Sócmhainní Seasta Inláimhsithe	5	3,682,379	3,879,735
<b>Sócmhainní Reatha</b>			
Féichiúnaithe agus Réamhócaíochtaí Banc	7	3,608,359	3,655,591
		1,652,862	1,114,809
		5,261,221	4,770,400
Creidiúnaithe (méideanna dlite laistigh de bhliain amháin)	8	2,014,694	2,445,423
<b>Glan-Sócmhainní Reatha</b>		3,246,527	2,324,977
<b>Sócmhainní Iomlána líide Dlíteanais Reatha</b>		6,928,906	6,204,712
Sócmhainn mhaoinithe iarchurtha do Phinsin	11 (c)	29,800,000	30,000,000
Dlíteanais phinsin	11 (b)	(29,800,000)	(30,000,000)
<b>Sócmhainní Iomlána líide Dlíteanais Reatha tar éis Pinsean</b>		6,928,906	6,204,712
<b>Glan-Sócmhainní</b>		6,928,906	6,204,712
<b>Arna maoiniú ag:</b>			
Cuntas Caipitil	4	3,682,379	3,879,735
Cuntas Ioncaim agus Caiteachais		3,246,527	2,324,977
		6,928,906	6,204,712

Déanann na Beartais Chuntasaíochta agus an Ráiteas maidir le Shreabhadh Airgid agus Nótaí 1 go dtí 15 cuid de na Ráitis Airgeadais seo.

Thar ceann an Bhoird:



**Ann Riordan**  
Cathaoirleach

**David Gargan**  
Comhalta an Bhoird

# RÁITEAS COMHDHLÚITE MAIDIR LE SREABHADH AIRGID

Don Bhliain dar Chríoch 31 Nollaig 2010

	Nótaí	2010 €	2009 €
<b>Imréiteach den Bharrachas Oibríochtúil don Bhliain go Glan-Insreabhadh Airgid ó Oibríochtaí</b>			
<b>Barrachas Oibríochtúil don bhliain</b>		<b>636,324</b>	30,369
Muirear Dímheasa	5	790,421	766,241
Brabús ar dhiúscairt Sócmhainní Seasta Inláimhsithe		(253)	(200)
Laghdú i bhFéichiúnaithe agus Réamhíocaíochtaí		47,232	325,627
(Laghdú) i gCreidiúnaithe agus Fabhruithe		(430,729)	(244,002)
Coigeartú Aistriú Airgeadra		85,862	(52,787)
<b>Glan-Insreabhadh Airgid ó Oibríochtaí</b>		<b>1,128,857</b>	825,248
<b>RÁITEAS AR SHREABHADH AIRGID</b>			
<b>Glan-Insreabhadh Airgid ó Oibríochtaí</b>		<b>1,128,857</b>	825,248
Ceannach de Shócmhainní Seasta	5	(591,057)	(468,524)
Díol de Shócmhainní Seasta		253	200
<b>Méadú in Airgead Tirim</b>		<b>538,053</b>	356,924
<b>Réiteach Glan-Sreabhadh Airgid le Gluaiseacht i nGlanfiachas</b>		<b>538,053</b>	356,924
<b>Gluaiseacht i nGlanchistí i rith na bliana</b>		<b>1,114,809</b>	757,885
<b>Glanchistí amhail an 1 Eanáir</b>		<b>1,114,809</b>	757,885
<b>Glanchistí amhail an 31 Nollaig</b>		<b>1,652,862</b>	1,114,809

# NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

Don bhliain dár chríoch 31 Nollaig 2010

## (1) Ioncam

	2010 €	2009 €
Táillí Deimhniúcháin	14,234,835	13,281,122
Díol Caighdeáin	759,868	805,790
Ioncam Eile	355,294	330,568
Ús Bainc	9,891	10,945
	<b>15,359,888</b>	14,428,425
Glanmhaoiniú iarchurtha le haghaidh pinsean	Nóta 11 (c) <b>3,250,000</b>	3,071,000
	<b>18,609,888</b>	<b>17,499,425</b>

## (2) Riarachán agus Costais Ghinearálta

	2010 €	2009 €
Pá agus Costais Aoisliúntais	12,783,954	14,145,057
Costais phinsin	Nóta 11 (a) <b>3,076,915</b>	2,588,710
Luach Saothair agus Speansais Bhaill an Bhoird	Nóta 14 <b>79,626</b>	98,129
Speansais Taistil	<b>1,266,061</b>	1,335,789
Seirbhísí Gairmiúla agus ar Fhochonradh	<b>2,864,363</b>	2,604,868
Cíosanna, Rátaí, Deisiúcháin agus Cothabháil	<b>1,760,467</b>	1,848,178
Speansais Oibríochta Eile	<b>2,058,298</b>	1,792,034
Brabús ar dhiúscairt Sócmhainní Seasta	<b>(253)</b>	<b>(200)</b>
Síntiúis le hEagraíochtaí	<b>605,723</b>	603,547
Dímheas	Nóta 5 <b>790,421</b>	766,242
Táille iniúchta	<b>25,850</b>	25,850
	<b>25,311,425</b>	25,808,204
<b>Cuimsíonn Costais Pá agus Aoisliúntas na foirne:</b>		
Pá agus Tuarastail	<b>12,156,980</b>	13,325,381
Costais Leasa Shóisialaigh	<b>732,733</b>	676,619
Costais Aoisliúntais	<b>(105,759)</b>	143,057
	<b>12,783,954</b>	14,145,057

B'ionann líon na ndaoine a bhí fostaithe ag an 31 Nollaig 2010 agus 178.

San áireamh sna Speansais Oibríochtaí Eile tá suim de €5,800 i ndáil le speansais siamsaíochta foirne. San áireamh sna costais tá ranníocaíocht d'imeachtaí chlub sóisialta na foirne agus do chleachtaí um neartú foirne.

## (3) Deontais Oireachtais

	2010 €	2009 €
Deontas do Riarachán agus Speansais Ginearálta	<b>7,337,861</b>	8,546,974
Aistriú deontais chuig Fiontraíocht Éireann maidir le Saotharlann Mhéadreaíochta Náisiúnta		(207,826)
	<b>7,337,861</b>	8,339,148

Is é an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta a eisiúnn an Deontas Oireachtais agus áirítear an suim de €538,861 i ndáil le ceannaigh chaipitil in 2010.

# NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

Don bhliain dár chríoch 31 Nollaig 2010 ar lean

## (4) Cuntas Caipitil

	2010 €	2009 €
Iarmhéid Oscailte Glanghluaiseachtaí ar Shócmhainní Seasta Inláimhsithe	<b>3,879,735</b> <b>(199,364)</b>	4,149,495 (297,717)
Aistriú (go)/ó Chuntas Ioncaim & Caiteachais	<b>(199,364)</b>	(297,717)
Aistriú de sócmhainní NML ó Fhiontraíocht Éireann Coigeartú aistriú airgeadra	<b>2,008</b>	28,514 (557)
Amhail 31 Nollaig	<b>3,682,379</b>	3,879,735

## (5) Sócmhainní Seasta Inláimhsithe

	Trealamh, Daingneáin & Feistis €	Trealamh Ríomhaire €	Talamh & Foirgnimh €	Mótar Feithiclí €	Iomlán €
<b>In Euro</b>					
<b>COSTAS</b>					
Ag 1 Eanáir 2010	4,111,262	2,288,094	2,895,201	315,228	9,609,785
Breiseanna	277,885	274,741	38,431	0	591,057
Diúscairtí	(2,982)	(20,307)			(23,289)
Coigeartú Aistrithe	3,615	7,312			10,927
Ag 31 Nollaig 2010	4,389,780	2,549,840	2,933,632	315,228	10,188,480
<b>DÍMHEAS</b>					
Ag 1 Eanáir 2010	3,028,768	1,807,390	654,033	239,859	5,730,050
Muirear don Bhliain	386,777	299,286	58,673	45,685	790,421
Diúscairtí	(2,982)	(20,307)			(23,289)
Coigeartú Aistrithe	2,697	6,222			8,919
	3,415,260	2,092,591	712,706	285,544	6,506,101
<b>GLANLUACH LEABHAIR</b>					
Ag 1 Eanáir 2010	1,082,494	480,704	2,241,168	75,369	3,879,735
Glanghluaiseacht don bhliain	(108,892)	(24,545)	(20,242)	(45,685)	(199,364)
Coigeartú Aistrithe	918	1,090			2,008
Ag 31 Nollaig 2010	974,520	457,249	2,220,926	29,684	3,682,379



**(6) Maoin**

Tá áitribh éagsúla in áiteanna difriúla ag an NSAI. Tá ár bpríomhoifig lonnaithe ag 1 Cearnóg Swift, Seantrabh, Baile Átha Cliath 9. Tá na háitribh seo ar léas, chuathas isteach sa léas i mí Eanáir 2008 ar feadh tréimhse 20 bliain. Bhí an chéad athbheithniú cíosa de 5 bliana le déanamh in Eanáir 2013 lenar gclúdófar na tréimhse dar tús 1 Eanáir 2013.

Tá Oifigí Réigiúnacha ag an NSAI i Luimneach agus sna Stáit Aontaithe. Tá an oifig Luimnigh ag Bóthar Pháirc Plassey, Páirc Teicneolaíochta Náisiúnta, Caladh an Treoigh, Co Luimnigh, is leis an NSAI na háitribh seo. Tá an oifig réigiúnach sna Stáit Aontaithe Mheiriceá suite ag 402 Sráid Amherst, Nashua, NH 03063, Stáit Aontaithe Mheiriceá, tá na háitribh seo ar léas, chuathas isteach sa léas i mí na Nollag 1999 agus tá sé le dul in éag i Lúnasa 2011.

Tá Saotharlann Náisiúnta Méadreolaíochta an NSAI suite ag Glas Naíon, Baile Átha Cliath 9. Is í Fiontraíocht Éireann a choinníonn úinéireacht talún agus foirgnimh a bhaineann leis an Saotharlann Méadreolaíochta Náisiúnta ar feitheamh aistriú úinéireachta go dtí an NSAI. Táthar ag súil go gcuirfí é seo i gcrích in 2011.

Tá roinnt Ionad Seirbhíse Méadreolaíochta Dlí Réigiúnacha ag an NSAI. Tá na hionaid seo lonnaithe i gCorcaigh, Luimneach, Baile Átha Cliath, Sligeach, Dún Dealgan, Port Láirge agus i nGaillimh. Is é an NSAI an úinéir de na háitribh seo go léir.

**(7) Féichiúnaithe agus Réamhíocaíochtaí**

	2010	2009
	€	€
Féichiúnaithe Trádála	2,788,604	2,944,039
Ioncam Fabhráithe	375,378	381,716
Réamhíocaíochtaí	444,377	329,836
	<b>3,608,359</b>	<b>3,655,591</b>

**(8) Creidiúnaithe : méideanna atá dlite laistigh de bhliain amháin**

	2010	2009
	€	€
Creidiúnaithe Trádála	435,408	318,538
Creidiúnaithe Eile agus Fabhráithe	745,564	988,708
Ioncam Iarchurtha	834,068	734,268
Cánachas, Árachas Sóisialta agus CBL	(346)	403,909
	<b>2,014,694</b>	<b>2,445,423</b>

**(9) Gealltanais faoi Léasanna Oibríochta**

B'ionann íocaíochtaí a rinneadh faoi Léasanna Oibríochta ar Fhoirgnimh arna muirearú sna ráitis airgeadais agus €939,537 (2009: €953,299). Tá íocaíochtaí faoi Léasanna Oibríochta ar Fhoirgnimh den mhéid €934,993 le híos in 2011. Tá siadsan i ndáil le léasanna a théann in éag mar seo a leanas:

	2010	2009
	€	€
Dul i nÉag an Léasa:		
Laistigh de bhliain amháin		
Laistigh de bhliain amháin agus cúig bliana	43,042	40,690
Tar éis cúig bliana	891,951	906,950
	<b>934,993</b>	<b>947,640</b>

**(10) Cánachas**

Tá an tÚdarás díolmhaithe ó chánachas ar a ioncam.

# NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

Don bhliain dár chríoch 31 Nollaig 2010 ar lean

## (11) Costais Phinsin

### (a) Anailís ar na costais phinsean iomlána a gearrtar ar Chaiteachas

	2010	2009
Costais seirbhíse reatha	€2,000,000	€1,900,000
Ús ar dhliteanais scéime pinsin	€1,600,000	€1,400,000
Ranníocaíochtaí fostaithe	(€523,085)	(€711,290)
	<b>€3,076,915</b>	<b>€2,588,710</b>

### (b) Gluaiseacht i nGlandliteanas Pinsin i rith na bliana airgeadais

	2010	2009
Glandliteanas pinsin amhail an 1 Eanáir	€30,000,000	€25,400,000
Costas seirbhíse reatha	€2,000,000	€1,900,000
Costais úis	€1,600,000	€1,400,000
Cailiteanas/(gnóthachan) achtúireach	(€3,450,000)	€1,529,000
Pinsin a íocadh i rith na bliana	(€350,000)	(€229,000)
	<b>€29,800,000</b>	<b>€30,000,000</b>

### (c) Maoiniú iarchurtha do Phinsin

Aithníonn an NSAI na méideanna seo mar shócmhainn atá comhfhreagrach leis an dliteanas iarchurtha neamh-mhaoinithe do phinsin ar bhonn tacair de bhonn tuisceana agus de roinnt imeachtaí a tharla san am atá thart. I measc na himeachtaí seo tá an bunús reachtúil do bhunú na scéimeanna aoisliúntais, agus an polasaí agus an cleachtas atá i bhfeidhm faoi láthair maidir le pinsin na seirbhíse poiblí a mhaoiniú, lena n-áirítear ranníocaíochtaí ó fhostaithe agus próiseas na meastachán bliantúla. Níl aon fhianaise ag an Údarás nach leanfar leis an mbeartas thuasluaite seo chun suimeanna dá leithéid a chomhlíonadh i gcomhréir le cleachtais reatha. Is é seo a leanas an glanmaoiniú iarchurtha do phinsin aitheanta sna Cuntais Ioncaim agus Chaiteachais:

	2010	2009
Maoiniú in-aisghabhála maidir le costais pinsin na bliana reatha	3,600,000	3,300,000
Deontas stáit curtha i bhfeidhm chun pinsinéirí a íoc	(350,000)	(229,000)
	<b>3,250,000</b>	<b>3,071,000</b>

B'ionann an tsócmhainn mhaoinithe iarchurtha do phinsin amhail 31 Nollaig 2010 agus €29.8 million (2009: €30.0 milliún).

### (d) Stair na n-oibleagáidí sochair sainithe

	2010	2009	2008	2007
Oibleagáidí sochair sainithe	€29,800,000	€30,000,000	€25,400,000	€22,800,000
Cailiteanais (gnóthachain) taithí ar dhliteanais scéime	(€3,450,000)	(€1,900,000)	(€346,000)	(€142,000)
Méid	(12%)	(6%)	(1%)	(1%)
Céatadán de dhliteanais scéime				

Tá an gnóthachan achtúireach carnach atá aitheanta sa Ráiteas ar Ghnóthachain agus Cailiteanais Aitheanta iomlána mar a leanas: €4,563,000.

### (e) Cur síos Ginearálta ar an Scéim

Is éard atá sa scéim pinsin ná socrú pinsin de shochar sainithe tuarastail le sochair agus ranníocaíochtaí sainithe trí thagairt a dhéanamh do rialacháin scéime den "mhúnla" na hearnála poiblí. Soláthraíonn an scéim pinsean (ochtódú in aghaidh na bliana seirbhíse), aisce nó cnapshuim (trí ochtódú in aghaidh na bliana seirbhíse) agus pinsean do chéillí agus leanaí. An gnáth-aois chun dul ar scor ná breithlá 65ú de chuid bhaill, agus tá baill a tháinig isteach roimh 2004 i dteideal dul ar scor gan laghdú achtúireach ó aois 60 bliain d'aois ar aghaidh. De ghnáth méadaíonn pinsin in íocaíocht (agus iarchur) i gcomhréir le boilsciú tuarastail na hearnála poiblí ginearálta.

**(e) Cur síos Ginearálta ar an Scéim ar lean**

Bhí an luacháil úsáidte do nochtaí FRS17 (Athbhreithnithe) bunaithe ar luachail ach túireach iomlán arna dátú an 23ú Feabhra 2011 ag achtúire neamhspleách cáilithe ag tógáil cuntais de riachtanais an FRS chun go ndéanfar measúnú ar dhliteanais na scéime ar 31 Nollaig 2010.

Bhí na príomhbhoinn tuisceana achtúireacha mar seo a leanas:

	<b>2010</b>	2009	2008
Ráta méadaithe i dtuarastail	<b>4%</b>	4%	4%
Ráta méadaithe i bpinsin atá á n-íoc	<b>4%</b>	4%	4%
Ráta lascaíne	<b>5.5%</b>	5.5%	5.5%
Ráta boilscithe	<b>2%</b>	2%	2%

**(f) Básmaireacht**

Meánionchas saoil de réir na dtáblaí básmaireachta a úsáideadh chun dliteanais pinsin a chinneadh

	<b>2010</b>	2009	2008
Fear 65 bliain d'aois	<b>22</b>	22	18
Bean 65 bliain d'aois	<b>25</b>	25	22

**(12) NSAI Inc.**

Bunaíodh NSAI Inc. i New Hampshire, USA ar 1 Iúil 1997 mar chomhlacht seachbhrabúsach faoi úinéireacht iomlán ag NSAI do chuspóir dáileadh agus scaipeadh eolais ar chaighdeán Éireannacha agus AE reatha agus beartaithe, soláthar athbhreithnithe teicniúla agus measúnú ar tháirgí, próisis agus cleachtais agus deimhniú d'oiriúnú le Caighdeán AE, Éireannacha agus Idirnáisiúnta. Cuireadh iarmhéideanna agus idirbhearta NSAI Inc. san áireamh sna ráitis airgeadais seo. San áireamh sa Bharrachas oibríochtúil Comhdhlúite don bhliain tá barrachas d'oibríochtaí NSAI Inc. de €312,709. (2009 : €172,670)

**(13) Comhaltaí an Bhoird – Nochtadh na nIdirbheart**

I ngnáthchúrsa gnó, d'fhéadfadh an NSAI dul isteach i socruithe conartha le gnóthais ina bhfuil Comhaltaí an Bhoird NSAI fostaithe nó ina bhfuil leas eile acu iontu. Ghlac an NSAI nósanna imeachta i gcomhréir leis na treoirlínte arna n-eisiúint ag an Roinn Airgeadais maidir le nochtadh leasa ó Chomhaltaí an Bhoird agus cloíodh leis na nósanna imeachta sa NSAI le linn na bliana.

**(14) Táillí Stiúrthóirí agus Tuarastail POF****(a) Táillí stiúrthóirí a íocadh in 2010**

Ms. A. Riordan	€12,556	Cathaoirleach - Athcheaptha 20 Aibreán 2010
An tUasal J. Collins	€4,080	Ceaptha 24 Meitheamh 2010
An tUasal D. Gargan	€8,072	
Ms. J. Murnane O'Connor	€8,072	
Ms. M. O'Leary	€2,794	D'éirigh as 14 Aibreán 2010
An tUasal K. Ryan	€8,072	
An tUasal E. Stack	€8,072	Athcheaptha 20 Aibreán 2010
An tUasal E. Wade	€8,072	
An tUasal D. Wallace	€5,526	Ceaptha 20 Aibreán 2010
Ms. M. I. Walsh	€8,072	
An tUasal M. Buckley	€0	Príomhoifigeach Feidhmiúcháin
Ms. H. Curley	€0	Ionadaí ón Roinn Poist, Fiontraíocht agus Nuálaíocht
An tUasal R. Hadfield	€0	Ionadaí Foirne
An tUasal D. O'Loughlin	€0	Ionadaí Foirne

Bhí ró-íocaíocht de 5% maidir le táillí na Stiúrthóirí in 2010 mar gheall ar fhógra déanach den athbhreithniú ar tháillí le haghaidh ballraíochta de Chomhlachtaí Stáit. Forchúitítear an ró-íocaíocht seo in 2011.

**(b) Speansais na Stiúrthóirí**

B'ionann speansais iomlána na Stiúrthóirí do 2010 agus €6,238.

# NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

Don bhliain dár chríoch 31 Nollaig 2010 ar lean

## **[14] Táillí Stiúrhóirí agus Tuarastail POF ar lean**

### **(c) Tuarastal an POF**

B'ionann tuarastal bunúsach bliantúil an Phríomhfheidhmeannaigh in 2010 agus €153,724. B'ionann íocaíochtaí iarbhír don Phríomhfheidhmeannach faoi na scéimeanna feidhmíochta gaolmhara in 2010 agus €0. B'ionann costas foriomlán an phacáiste luach saothair an Phríomhfheidhmeannaigh (lena n-áirítear soláthar aoisliúntais, carr cuideachta agus aon bhuntáiste eile) do 2010 agus €168,662. Tá an Príomhfheidhmeannach ina chomhalta den scéim aoisliúntais foirne NSAI agus ní théann a theidlíochtaí pinsin thar na teidlíochtaí caighdeánach den scéim mhúnla don earnáil phoiblí.

## **[15] Faomhadh na Ráiteas Airgeadais**

D'fhaomh an Bord na ráitis airgeadais ag an 14 Meitheamh 2011.





**NSAI**

CEANNOIFIG

1 Cearnóg Swift, An Choill Thuaidh, Seantrabh, Baile Átha Cliath 9, Éire

T +353 1 807 3800 F +353 1 807 3838 E [info@nsai.ie](mailto:info@nsai.ie)

**NSAI.ie**